



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

AN COIMISIÚN: COIMISINÉIRÍ AGUS FOIREANN

Ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí tá Uachtarán, Coimisinéir lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha

An Breitheamh Onórach Catherine Uasal McGuinness

Iar-Bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí

Patricia T Rickard-Clarke BCL, Aturnae

Coimisinéir Lánaimseartha

An tOllamh Finbarr McAuley BCL, LLB, MPhil, LLD,

Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Coimisinéir Páirtaimseartha

Marian Shanley BCL, Aturnae

Comhalta den Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

Coimisinéir Páirtaimseartha

Donal O'Donnell Abhcóide Sinsearach

Coimisinéir Páirtaimseartha

John Quirke

Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin

FOIREANN AN CHOIMISIÚIN I 2007

Stiúrthóir Taighde

Raymond Byrne BCL, LLM (NUI), Abhcóide,
ar iasacht ón Scoil Dlí agus Rialtais,
Ollscoil Chathair Átha Cliath (go dtí Meán Fómhair 2007)

Bainisteoir Tionscadail do Athráiteas ar an Dlí Reachtúil

Alma Clissmann BA (Mod), LLB, Dip Eur Law (Bruges), Aturnae

Bainisteoir Tionscadail do Eolaire Reachtaíochta

Deirdre Ahern LLB, LLM (Cantab), Dip E-Commerce (Law Society), Aturnae

Taighdeoirí Dlí *

John P Byrne BCL, LLM (NUI), Abhcóide

Áine Clancy BCL, LLM (NUI)

Kate Dineen LLB, LLM (Cantab)

Philip Flaherty BCL, LLM (NUI), Diop sa Gh (NUI)

Caren Geoghegan LLB, LLM (Cantab), Abhcóide

Cliona Kelly BCL, PhD (NUI)

John Kenny LLB (Dub), LLM (Cape Town)

Eleanor Leane LLB, LLM (NUI)

Eimear Long LLB, Abhcóide

Joanne Lynch BCL, LLM (NUI)

Eóin Mac Domhnaill BCL (Dlí agus Gaeilge), LLM (Dub)

Margaret Maguire BCL, LLM (NUI)

Eóin McManus BA, LLB (NUI), LLM (Lond)

Richard McNamara BCL, LLM (NUI)

Jane Mulcahy BCL (Dlí agus Gearmáinís), LLM (NUI)

Tara Murphy BCL, LLM (Essex)

Gemma Ní Chaoimh BCL, LLM (NUI)

Verona Ni Dhrisceoil BCL (Dlí agus Gaeilge), LLM (NUI)

Jane O'Grady BCL, LLB (NUI), LPC (College of Law)

Charles O'Mahony BA, LLB (NUI), LLM (Lond), LLM (NUI)

Tina O'Reilly BCL (Dlí agus Gearmáinís), LLM (NUI)

David Prendergast LLB, Abhcóide

Keith Spencer BCL, LLM (Dub), BCL (Oxon), Abhcóide

Nicola White LLB, LLM (Dub), Attorney-at-Law (NY)

Joanne Williams LLB, LLM (NUI), Abhcóide

FOIREANN RIARACHÁIN :

Head of Administration

John Quirke

Bainisteoir Tionscadail:

Pearse Rayel

Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Alan Heade

Oifigh Feidhmiúcháin

Emma Kenny

Denis McKenna

Darina Moran

Peter Trainor

Oifigeach Faisnéise Dlí

Conor Kennedy, BA, H Dip LIS

Catalógaí

Eithne Boland, BA (Hons), H Dip Ed, H Dip LIS

Oifigh Cléireachais

Ann Browne

Ann Byrne

Liam Dargan

Sabrina Kelly

Debbie Murray

GAILEARAÍ



AR BARR Comhdháil ar Fhorbairtí Ilaonad a tionóladh sa Dlí-Chumann Eanáir 2007: Ken Murphy Ard-Stiúrthóir an Dhlí-Chumann, Michael McDowell Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness Uachtarán an Choimisiúin, agus Patricia T. Rickard-Clarke Coimisinéir. // **AR BUN AR CHLÉ** An Breitheamh Michael Kirby ó Ard-Chúirt na hAstráile ag tabhairt na heochairóraide ag Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin 2007 ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí. // **AR BUN AR DHEIS** An tArd-Aighne, an tUasal Rory Brady SC ag seoladh Pháipéir Chomhairliúcháin an Choimisiúin ar Ghnéithe den Dlí Uchtála Idir Thíortha, Márta 2007.



AR BARR An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin agus an tArd-Aighne, Paul Gallagher SC ag an gComhdháil Bhliantúil 2007. // **AR BUN** An tArd-Aighne Paul Gallagher SC a sheol Páipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin ar Athráiteas, le Uachtarán an Choimisiúin an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness agus an Taighdeoir Dlí John P. Byrne



AR BARR Baill d'Fhoireann an Choimisiúin i 2007 // **SA LÁR** An tArd-Aighne Paul Gallagher SC (sa lár), leis an Stiúrthóir Taighde Ray Byrne, an Coimisinéir Donal O'Donnell, an Taighdeoir Dlí Charles O'Mahony, an Coimisinéir Patricia T. Rickard-Clarke, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness Uachtarán, agus na Coimisinéirí Finbarr McAuley and Marian Shanley. // **AR BUN** Cruinniú d'Ionadaithe Gníomhaireachtaí Athchóirithe Dlí i mí Iúil 2007. **Chun Tosaigh:** An Breitheamh Onórach Declan Morgan ón gCoimisiún Dlí do Thuaisceart Éireann, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí (Éire), an Breitheamh Onórach Ethern Cathaoirleach an Choimisiúin Dlí (Sasana agus an Bhreatain Bheag) agus an Tiarna Drummond Young Cathaoirleach Choimisiún Dlí na hAlban. **Ar gcúl:** Joanne Williams Taighdeoir Dlí, Michael Lugton POF Choimisiún Dlí na hAlban, an Coimisinéir Patricia T Rickard Clarke ó Choimisiún na hÉireann, Steve Humphries POF Choimisiún Dlí Shasana, an tOllamh Gerry Maher ó Choimisiún Dlí na hAlban, na Coimisinéirí Donal O'Donnell agus Marian Shanley ó Choimisiún Athchóirithe Dlí na hÉireann, an Taighdeoir Dlí Charles O'Mahony agus an Stiúrthóir Taighde Ray Byrne

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHFHOCAL	12
CAIBIDIL 1	
AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ	14
Réamhrá	14
Ag Ullmhú an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014	15
Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairliúcháin	17
Ráiteas Straitéise 2006-2008	19
CAIBIDIL 2	
FOILSEACHÁIN AGUS CLÁR ROLLACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN I 2007	22
Réamhrá	22
An Córas Dlí	22
Dlí na Fianaise	24
An Dlí Coiriúil	24
Dlí Talún agus Tíolacadh	25
Dlí Teaghlaigh	27
Sainghrúpaí agus Grúpaí Soghonta	27
Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí	28
Foilseacháin an Choimisiúin i 2007	28
CAIBIDIL 3	
ATHRÁITEAS AR AN DLÍ REACHTÚIL	30
Réamhrá	30
Forbhreathnú	30
CAIBIDIL 4	
EOLAIRE REACHTAÍOCHTA	32
Réamhrá	32
Forbhreathnú	32

CAIBIDIL 5	
CRÍOCHNÚ AN DARA CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2000-2007	34
Forbhreathnú ar Chríochnú an Dara Clár	34
An Córas Dlí	36
Dlí na Fianaise	37
Dlí Riaracháin	37
An Dlí Coiriúil	38
Dlí Cánach	39
Dlí Talún agus Tíolacadh	39
Grúpaí Soghonta agus an Dlí	40
Dlí Teaghlaigh	41
Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí	42
CAIBIDIL 6	
RIARACHÁN	44
Réamhrá	44
Coimisiún	44
Coiste Bainistíochta	44
Foireann Riaracháin	44
Foireann Taighde agus Leabharlainne	46
Airgeadas	47
Socruithe Rialachais	48
Aguisín A	
An Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014	49
Aguisín B	
Grúpaí Oibre	51
Aguisín C	
Comhdhálacha agus Cuairteanna	53
Aguisín D	
Liosta Foilseachán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí	55
Aguisín E	
Cairt Eagraíochta	62

RÉAMHFHOCAL

Tá an-áthas orm ar son mo chomhghleacaithe agus ar mo shon féin *Tuarascáil Bhliantúil 2007* an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a chur láthair. I rith na bliana bhí dhá phríomhaidhm ag an gCoimisiún – an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* a chríochnú agus an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* a chur le chéile. Mar is féidir a fheiceáil ón Tuarascáil Bhliantúil seo d'éirigh leis an gCoimisiún an dá aidhm sin a bhaint amach. Lena chois sin tá dul chun cinn mór déanta ag an gCoimisiún sa dá réimse oibre is déanaí atá againn, Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus Eolaire Reachtaíochta.

I gcomhthéacs an Dara Clár Athchóirithe Dlí a chríochnú is cúis sásaimh don Choimisiún é gur foilsíodh cúig Pháipéar Comhairliúcháin agus dhá Thuarascáil i rith na bliana. Bhí dhá cheann díobh sin, an *Páipéar Comhairliúcháin ar Uchtáil Idir Thíortha* agus an *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach* ina n-ábhair iarratas ón Ard-Aighne faoi Alt 4(2)(c) den Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Tá mionsonraí faoi fhoilseacháin agus cláir an Choimisiúin le fail I gCaibidil 2 den Tuarascáil seo.

I rith an *Dara Clár* lean an Coimisiún leis an bpolasaí dréacht-Bhille a chur le gach Tuarascáil a foilsíodh. Rinneadh amhlaidh chun forfheidhmiú mholtaí an Choimisiúin a éascú sa chás go gcinnefeadh an Rialtas na moltaí sin a achtú, Mar sin, mar shampla, leis an *Tuarascáil ar Dhlí Um thiarnaí talún agus tionóntaí* tá dréacht-Bhille cuimsitheach Um thiarnaí talún agus tionóntaí. Tháinig an Tuarascáil sin in dhiaidh an tsaothair mhóir a rinne an Coimisiún níos luaithe ar athchóiriú dlí talún agus dlí tíolactha, as ar tháinig an *Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006*, atá anois os comhair an Oireachtais. Mar thoradh ar mhór-réimse oibre eile de chuid an Choimisiúin, foilsíodh I rith 2007 an *Páipéar Comhairliúcháin ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna*.

Ó 2006, de bharr cinneadh a rinne an Rialtas ar iarratas an Ard-Aighne, tá obair an Choimisiúin leathnaithe go dhá réimse dúshlánach nua, Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an tEolaire Reachtúil (ar a dtugtaí Táblaí Croineolaíoch na Reachtaíochta seo). I rith 2007 rinne an Coimisiún dul chun cinn maith ó thaobh dúshraith a leagadh síos dár gcuid oibre sa dá réimse nua sin, lena n-áirítear *Páipéar Comhairliúcháin ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil* a fhoilsiú Tá mionsonraí faoina réimsí oibre sin le fail i gCaibidil 3 agus 4 den Tuarascáil seo.

In ár dTuarascáil Bhliantúil 2006 déanann an Coimisiún tagairt do phleananna le dul i mbun comhairliúcháin leathain leis an bpobal, le heagraíochtaí rialtais, le lucht dlí agus grúpaí leasmhara eile féachaint le topaicí a aithint le cur sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2012*. Cuireadh an próiseas sin i gcrích go hiomlán. Bhí comhairliúchán leathan ag an gCoimisiún leis an Ard-Aighne, leis an bpobal, le hionadaithe poiblí, Ranna Rialtais, eagraíochtaí dlí ar nós Chomhairle an Bharra agus an Dlí-Chumann, agus eagraíochtaí neamhrialtais deonacha agus pobail. Tionóladh trí chomhairliúchán poiblí ar a raibh freastal maith i nGaillimh, Corcaigh agus Baile Átha Cliath. Ag deireadh an phróisis tháinig an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014, a cuireadh i láthair an Rialtais, ar ghlac an Rialtas leis i mí na Nollag 2007, agus atá foilsithe ag an gCoimisiún.

I rith 2007 lean an Coimisiún de bheith ag díriú ar spriocanna straitéiseacha na heagraíochta, dlíthiúil agus neamhdhlíthiúil, mar atá leagtha síos in ár *Ráiteas Straitéise 2006-2008*. Déantar

monatóireacht ar dhul chun cinn trí Phlean Gnó an Choimisiúin, a thugann éifeacht do na heochairchuspóirí atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéise.

Mar Uachtarán ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i mbliain tháirgiúil oibre – mo chomh-Choimisinéirí, an fhoireann dlí agus riaracháin ar fad agus iad sin ar fad a roinn a gcuid saineolais, comhairle agus am go fial linn ar bhonn deonach i ngrúpaí oibre, i gcomhairliúcháin agus i gcrúinnithe.

Cé gur comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún ní oibríonn sé beag beann ar an bpróiseas reachtaíochta. Dá bhrí sin is mór leis an caidreamh leanúnach a bhíonn aige le Ranna Rialtais chun cur níos mó leis an bpróiseas sin. Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil freisin le hOifig an Ard-Aighne as a tacaíocht fhíorluachmhar don Choimisiún ina cuid oibre.



Catherine McGuinness

UACHTARÁN

CAIBIDIL 1

AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

RÉAMHRÁ

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún bunaithe ag an *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*. Deir Acht 1975 gurb é ról an Choimisiúin an dlí a choimeád faoi bhreithniú agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus deir sé go bhfolaíonn athchóiriú dlí:

- forbairt an dlí
- a chódú (lena n-áirítear a shimpliú agus a fhreacnairciú) agus
- athbhreithniú agus comhdhlúthú ar an dlí reachtúil

Clár Athchóirithe Dlí agus Iarratais ón Ard-Aighne

D'eascair obair thaighde an Choimisiúin, go dtí le déanaí, as dhá phríomhfhoinsé: sa chéad áit, faoi Chlár Athchóirithe Dlí ullmhaithe ag an gCoimisiún agus aontaithe ag an Rialtas agus leagtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi Acht 1975, agus sa dara háit, de réir iarratais ón Ard-Aighne faoi Acht 1975.

Ullmhaíonn an Coimisiún Clár Athchóirithe Dlí, ceadaíonn an Rialtas é agus leagtar faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais é de réir Acht 1975. Bhí an *Chéad Chlár Athchóirithe Dlí* in áit idir 1977 agus 1999. Cuireadh an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*, a cheadaigh an Rialtas i 2000, ina áit sin. I gCaibidil 5 déanann an Coimisiún cur síos ar chur i gcrích a chuid oibre faoin Dara Clár.

I rith 2007, le cois a chuid oibre a chur i gcrích faoin Dara Clár Athchóirithe Dlí, d'ullmhaigh an Coimisiún an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* tar éis comhairliúcháin agus plé leathan leis an Ard-Aighne, an pobal, ionadaithe poiblí, Ranna Rialtais agus eagraíochataí neamhrialtais deonacha agus pobail. Pléitear an próiseas sin thíos.

Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus Eolaire Reachtaíochta

Ó 2006, tá scóip obair thaighde an Choimisiúin leathnaithe go dhá réimse nua gníomhaíochta, Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus Eolaire Reachtaíochta (ar a dtugtaí Táblaí Croineolaíochta na Reachtanna roimhe seo). Séard atá i gceist le Athráiteas ar an Dlí Reachtúil ná na leasaithe ar fad atá déanta ar Acht a chorprú in aon téacs amháin, ionas go mbeadh teacht níos fearr ar reachtaíocht. Is treoir inchoardaithe go leictreonach d'athruithe reachtaíochta atá san Eolaire Reachtaíochta.

Tá na ról nua sin ag teacht go hiomlán le cúram athchóirithe dlí an Choimisiúin, a fholáíonn (mar atá luaite) de réir Acht 1975 códú an dlí, lena n-áirítear go háirithe a shimpliú, agus athbhreithniú agus comhdhlúthú ar an dlí reachtúil. Tuigeann an Coimisiún freisin go bhféadfadh na ról sin cuidiú le polasaí *Rialáil Níos Fearr* an Rialtais, lena n-áirítear an tionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil Réamh-1922, a raibh an *tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007* mar léiriú air le déanaí. I gCaibidil 3 agus 4, pléann an Coimisiún na forbairtí i 2007 i dtaca leis na réimsí nua oibre sin.

ULLMHÚ AN TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2008-2014

Mar atá luaite cheana, dhírigh an Coimisiún ar dhá mhórábhar I 2007: críochnú a chuid oibre faoin Dara Clár Athchóirithe Dlí agus ullmhú an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*. I gCaibidil 5, déanann an Coimisiún athbhreithniú ar a chuid oibre i rith tréimhse ama an Dara Clár chun críoch a chur lena anailís ar an 30 topaic sa chlár. Sa Chaibidil seo, déanann an Coimisiún cur síos ar a chur chuige i leith ullmhú an Tríú Clár.

Próiseas comhairliúcháin phoiblí

I dtosach báire, shocraigh an Coimisiún go mbeadh gá le comhairliúchán suntasach poiblí in ullmhú an Tríú Clár Athchóirithe Dlí. B'shin mar go gcreideann an Coimisiún go láidir nach féidir leis an dlí a bheith ann ar a shon féin nó i bhfólús. Tá an dlí ann chun freastal ar shochaí na hÉireann agus oibríonn sé laistigh de fhrámaíocht na sochaí sin. Má tá an dlí le ciall dáiríre a bheith aige dár sochaí, ní mór dó freagairt do luachanna agus dearcadh ár sochaí. Lena chois sin, ag teacht le prionsabail *Rialáil Níos Fearr*, i Márta 2007 d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Seimineáir: An Tríú Clár Athchóirithe Dlí* (LRC SP 3-2007) mar chuidiú dóibh sin a bhí páirteach sna seimineáir phoiblí ar an Tríú Clár.

Bhí an chéad sheimineár poiblí in Ollscoil na hÉireann Gaillimh i Márta 2007 agus an dara ceann i gColáiste na hOllscoile Corcaigh in Aibreán 2007. Bhí an comhairliúchán poiblí deiridh, arbh é Cruinniú Cinnbhliana an Choimisiúin do 2007 é freisin, i mBaile Átha Cliath i mí Iúil agus d'fhreastail 300 duine air. Ba é an Breitheamh Michael Kirby ó Ardchúirt na hAstráile a thug an spreagaitheasc agus ba é an tArd-Aighne, Paul Gallagher, Abhcóide Sinsearach, a d'oscail an Chomhdháil. I rith 2007, fuair an Coimisiún níos mó ná 200 aighneacht ó bhéal agus i scríbhinn, cuid mhaith acu ar ríomhphost, ag moladh os cionn 400 réimse dlí le háireamh sa *Tríú Clár*.

Bhuail an Coimisiún freisin le Coiste Comhairleach an Ard-Aighne ar Athchóiriú Dlí. Ar an gCoiste Comhairleach tá ionadaithe ó Ranna áirithe Rialtais, ó Dhlí-Chumann na hÉireann, ó Chomhairle an Bharra agus ón gCoimisiún. Bhí sé mar ceann dá fheidhmeanna cuidiú leis an Ard-Aighne ina chuid comhairliúcháin leis an gCoimisiún ar an Tríú Clár. I Meán Fómhair 2007, phléigh agus ghlac an Coiste Comhairleach le dréacht-Chlár an Choimisiúin. I nDeireadh Fómhair 2007, bhreithnigh an Rialtas an dréacht-Chlár agus shocraigh siad é a chur faoi bhráid an Oireachtais le plé. I mí na Samhna 2007, bhreithnigh agus phléigh Comhchoiste an Oireachtais um Dlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban ábhar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí leis an gCoimisiún.

Ceadú agus Seoladh an Tríú Clár

Ar an 12 Nollaig 2007, cheadaigh an Rialtas gan leasú dréacht an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí* agus leagadh ansin é faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais de réir an Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Ar 17 Nollaig 2007, sheol an tArd-Aighne, Paul Gallagher, Abhcóide Sinsearach, an Tríú Clár go foirmiúil.

Critéir Roghnúcháin

Leag Páipéar Seimineáir an Choimisiúin síos ceithre chritéar ginearálta roghnúcháin a d'úsáid an Coimisiún agus é ag déanamh cinneadh ar cad a bheadh san áireamh sa Tríú Clár. Ba iad sin:

- caithfidh na tionscadail roghnaithe freastal ar fhíor-riachtanas pobail, go háirithe trí bhearna sa dlí a líonadh, ag cur an gá a bheadh le nuachóiriú ar dlí a bheadh as dáta san áireamh;
- ba chóir go mbeadh na tionscadail oiriúnach le haghaidh anailíse ag an saineolas dlíthiúil atá ar fáil sa Choimisiún, mar aon le comhairliúchán cuí le daoine gairmiúla eile agus páirtithe leasmhara;
- ba chóir go mbeadh meascán tionscadal sa Chlár, ionas nach mbeadh acmhainní an Choimisiúin gafa go hiomlán le haon tionscadal amháin, agus
- níor chóir go mbeadh na tionscadail ag trasnaíl ar obair eagraíochtaí eile a bheadh ag plé le gníomhaíochtaí athchóirithe dlí.

Ag cur na gcritéar sin i bhfeidhm, shocraigh an Coimisiún go mbeadh sé indéanta 37 tionscadal athchóirithe dlí a chur san áireamh sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí mar:

- Thug na tionscadail aghaidh ar cheisteanna dlí ina raibh gá le hathchóiriú agus a fhreastalódh ar fhíor-riachtanas pobail.
- Measadh go raibh na tionscadail oiriúnach le haghaidh anailíse ag an gCoimisiún, ag cur san áireamh na hacmhainní agus an saineolas atá ar fáil don Choimisiún.
- Bhí an chosúlacht air go gcríochnódh an Coimisiún na tionscadail roghnaithe laistigh de thréimhse ama an Chláir agus bhí meascán maith iontu de réimsí difriúla dlí.
- Níor bhain na tionscadail le hobair a bhí cheana á déanamh in áiteanna eile.

Mheas an Coimisiún go raibh roinnt tionscadal eile gurbh fhiú iad a scrúdú ach nár chosúil go mbeadh siad críochnaithe laistigh de thréimhse ama an Tríú Clár. Bhain tionscadail eile le réimsí a bhí níos oiriúnaí le haghaidh scrúdaithe ag Ranna Rialtais ábhartha, de bhrí gur bhain siad go heisiach le ceisteanna polasaí nó go raibh siad cheana féin faoi bhreithniú ag na Ranna sin. De réir an chúraim atá ar an gCoimisiún faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975* comhlachtaí a aithint a rachadh i mbun tionscadal athchóirithe dlí, rinne an Coimisiún teagmháil leis na Ranna sin i dtaca le tionscadail eile.

Forbhreathnú ar ábhar an Tríú Clár

Ag cur na gcritéar roghnúcháin san áireamh, tá 37 tionscadal liostaithe sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí, ina measc iad seo a leanas:¹

- Athbhreithniú ar an Dlí Maidir le Giúiréithe
- Réiteach Malartach ar Dhíospóidí
- Fianaise Dhoiciméadach agus Teicneolaíoch

¹ Feic Tuarascáil ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014 (LRC 86-2007, le fáil ag www.lawreform.ie

- An Dlí i dtaca le Cionta Gnéis
- An Tíospartach agus an Córas Dlí Coiriúil
- Tuilleadh Códú Reachtúil ar an Dlí Talún
- Léarscáil Bhóithre ríomhThíolactha
- Gnéithe Dlíthiúla de Chaidrimh Theaghlaigh
- Leanaí agus an Dlí
- Gnéithe Dlíthiúla de Bhaill Nua agus Baill atá ag Teacht Chun Cinn i Sochaí na hÉireann
- Gnéithe Dlíthiúla d'Atáirgeadh Daonna Cuidithe
- Conarthaí Dlíthiúla Árachais
- Gnéithe Dhlí Shibhialta de Dhlí Dhaoine ar Iarraidh

Ina Réamhfhocal don Tríú Clár, dúirt Uachtarán an Choimisiúin, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness:

“Aontaíonn an Coimisiún le mian gach duine a bhí páirteach in ullmhú an Tríú Clár go gcaithfidh sé freagairt do riachtanais Éire an lae inniu. Is léiriú iad na topaicí atá sa Chlár seo ar shochaí atá i bpróiseas mhóraithraithe faoi láthair... Aithnímid go mbraithfidh cur i gcrích rathúil na dtionscadal seo ar chomhairliúcháin le lucht dlí, le saineolaithe i ngairmeacha eile, agus le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara”

Tá tús curtha ag an gCoimisiún anois leis an bpróiseas scrúdú a dhéanamh ar na tionscadail dhúshlánacha éagsúla atá san áireamh sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach foirfe. Le linn taighde ar thopaic, breithnítear ar chásdlí, reachtaíocht, dlí-eolaíocht agus scríbhinní acadúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugann an Coimisiún aird ar leith ar dhlíthe dhlínsí comparáideacha, mar aon le moltaí a bheadh curtha chun cinn ag comhlachtaí athchóirithe dlí sna dlínsí sin. Is léir don Choimisiún freisin go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn aon mholtaí athchóirithe préamhaithe i gcleachtas. Le linn dó a bheith ag ullmhú moltaí téann an Coimisiún i gcomhairle go neamhfhoirmiúil le cleachtóirí dlí agus freisin le daoine gairmiúla ábhartha eile agus comhlachtaí ionadaíocha. Tugtar aitheantas do na léargais phraiticiúla a chuireann na teagmhálacha sin ar fáil don Choimisiún i bhfoilseacháin an Choimisiúin.s.

Modheolaíocht

Chun na spriocanna a bhíonn leagtha síos ina chuid Clár Athchóirithe Dlí a bhaint amach, cinntíonn an Coimisiún go gcuirtear gach tionscadal faoi chúram Taighdeora a bhíonn ag obair faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. I gcás Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an tEolaire Reachtaíochta, tá dhá mheitheal taighdeoirí curtha ag plé go sonrach leis na réimsí sin faoi threoir dhá Bhainisteoir Thionscadail. Baineann an Coimisiún úsáid freisin as Grúpaí Oibre, a gcuireann a mbaill a gcuid saineolais ar fáil ar bhonn deonach, i réimsí ina bhfuil gá le hionchur suntasach ó shaineolaithe. Tá liosta de Ghrúpaí Oibre agus mballraíocht in Aguisín B.

De bharr a chasta is a bhíonn cuid de na ceisteanna a éiríonn, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe i réimsí áirithe dlí agus eolais ghairmiúil eile ar ábhair áirithe. Téann an Coimisiún i mbun a chuid oibre ar bhonn Chláir Rollaigh Oibre, ina mbíonn spriocdhátaí le céimeanna éagsúla den obair a bhaint amach. Mar chuidiú leis an gCoimisiún i monatóireacht bhaint amach na spriocanna sin, déantar athbhreithnithe rialta ar an gClár Oibre. Déanann Caibidil 2 cur síos ar fhoilseacháin an Choimisiúin agus ar an gclár leanúnach oibre i 2007

An próiseas comhairliúcháin

Tá an próiseas comhairliúcháin fíorthábhachtach d'obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh an comhairliúcháin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. I gcéimeanna tosaigh an taighde, d'fhéadfadh an Coimisiún bualadh le saineolaithe nó cleachtóirí a bheadh ag obair i réimse ar leith, nó ionadaithe ghrúpaí leasmhara. Ansin ullmhóidh agus foilseoidh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin. Lorgóidh an Coimisiún aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara ar na moltaí sealadacha atá déanta sa Pháipéar Comhairliúcháin. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh i ndrúchtú na Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus déileáilfear le haon cheisteanna nó ábhair imní sa Tuarascáil. Sara ndéantar an Tuarascáil a dhrúchtú is iondúil go dtionóltar seimineár ar a dtugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara, nó dóibh sin a rinne aighneachtaí.

I 2007, bhí cúig sheimineár ag an gCoimisiún ar na topaicí seo a leanas:

- Tionpháirteacht I gConradh (Márta)
- An Tríú Clár Athchóirithe Dlí (Márta agus Aibreán),
- Cosaintí sa Dlí Coiriúil (Meitheamh)
- Dúnorgain ainneonach (Samhain)

Ó 2000, is gnách go gcuireann an Coimisiún drúchtú-Bhille le ngach Tuarascáil ina ndéanann sé moltaí le haghaidh athrú reachtaíochta.

I dtaca leis na tionscadail ar Athráiteas ar an Dlí Reachtuil agus ar Eolaire Reachtaíochta, téann an Coimisiún i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara. Orthu sin tá Oifig an Ard-Aighne, Ranna Rialtais, an tOireachtas, lucht dlí agus an pobal. Tá béim mhór curtha freisin ag an gCoimisiún ar ghnéithe teicneolaíoch den dá thionscadal ionas go mbeadh an teacht is mó is féidir ar na hAthráitis agus ar an Eolaire Reachtaíochta. Curtha san áireamh go háirithe ag an gCoimisiún, tá forbairt straitéise ríomh-Reachtaíochta an Rialtais agus nuachóiriú leabhar reachtanna na hÉireann, lena n-áirítear achtú an *Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtuil 2007*.

Cumarsáid le Coiste Comhairleach agus Ranna Rialtais

Is é cleachtas an Choimisiúin le blianta fada anuas cumarsáid a dhéanamh le ranna rialtais maidir leis na tionscadail lena bhfuil sé ag plé faoi láthair nó a bhféadfadh sé a bheith ag plé leo go luath san am atá le teacht. Tá socrú freisin ag an gCoimisiún leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le go mbeadh chruinnithe débhlantúla ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair comhleasa, ag baint leis an dlí coiriúil agus an dlí sibhialta. Cuireann na cruinnithe ar chumas an Choimisiúin agus na Roinne ceisteanna atá idir chamáin acu i láthair na huairé agus dul chun cinn sa phróiseas reachtaíochta a phlé.

I 1998, bhunaigh an Rialtas Coiste Comhairleach faoi scáth Oifig an Ard-Aighne ar a raibh ionadaithe ó ranna áirithe rialtais, Comhairle Bharra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann, agus an Coimisiún. I Meán Fómhair 2007, bhuail an Coimisiún leis an gCoiste Comhairleach chun dréacht an Tríú Clár Athchóirithe Dlí a phlé, agus ghlac an Coiste Comhairleach leis.

Cruinnithe le Coiste Oireachtais

Ó 1998, bhí cruinnithe tréimsiúla ag an gCoimisiún le Comhchoiste an Oireachtais um Dlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban chun clár oibre an Choimisiúin a phlé. Is mór ag an gCoimisiún na cruinnithe leis an gCoiste. I Samhain 2007, bhreithnigh an Comhchoiste agus phléigh leis an gCoimisiún ábhar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí mar a bhí molta.

Comhdháil Bhliantúil

Ó 2004, reachtáil an Coimisiún Comhdháil Bhliantúil ag baint lena Chlár Athchóirithe Dlí agus a chlár rollach oibre. I 2007, tionóladh an Chomhdháil Bhliantúil i mí Iúil agus bhí sé mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar dhréacht an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014. D'fhreastail os cionn 300 duine ar an gComhdháil agus thug an Breitheamh Michael Kirby ó Ardchúirt na hAstráile an spreagaitheasc agus d'oscail an tArd Aighne, Paul Gallagher, Abhcóide Sinsearach í.

Comhdhálacha, Cuirteanna agus Teagmhálacha Meán

Bíonn Coimisinéirí ag freastal ar, agus ag glacadh páirt go rialta freisin i seimineáir phoiblí agus comhdhálacha. Coinnítear i dteagmháil freisin le comhlachtaí athchóirithe dlí trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí ghlacadh le cuairteanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. Lena chois sin, scaiptear nuacht agus preaseisiúintí ar na meáin tráth a mbíonn Páipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil á bhfoilsíú. Go ginearálta, gníomhaíonn an Stiúrthóir Taighde agus na Coimisinéirí a mbíonn tionscadail ar leith á dtreorú acu mar urlabhraithe meán don Choimisiún. Tá sonraí faoi chomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu agus cuairteanna ar agus ó chomhlachtaí athchóirithe dlí le fáil in Aquisín C.

RÁITEAS STRAITÉISE 2006-2008

I 2006, chuir an Coimisiún bailchríoch ar a *Ráiteas Straitéise 2006-2008* a leagann síos frámaíocht d'obair an Choimisiúin thar tréimse trí bliana fóirtheachtach a thrasnaigh críochnú an Dara Clár agus ullmhú an Tríú Clár. Bhí sé mar oidhre ar Phleananna Straitéise agus Gnó an Choimisiúin do 1999-2002 agus 2003-2005.

An doiciméad oibre is tábhachtaí don Choimisiún

Dearbhaíonn an Ráiteas Straitéise gur gá don Choimisiún a bheith ag breathnú chun cinn agus modhanna reatha oibre a oiriúnú chun na spriocanna atá leagtha síos i gClár Athchóirithe Dlí an Choimisiúin a bhaint amach – agus féachaint do ról nua an Choimisiúin i dtaca le Athráiteas an Dlí Reachtúil agus Eolaire Reachtúil, atá pléite thuas. Is léiriú é freisin ar dhearcadh an Choimisiúin agus na bainistíochta sinsearaí ar a bhfuil le déanamh chun an leas is fearr a bhaint as ról lárnach an Choimisiúin i dtaca le hathchóiriú dlí agus chun a chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir agus go mbaianeann sé

an leas is fearr as na hacmhainní atá ar fáil dó. Bhí sé tábhachtach agus an Ráiteas á chur le chéile a chinntiú go mbeadh brí dáiríre leis don eagraíocht agus don fhoireann, go léireodh sé tosaíochtaí an Choimisiúin do 2006-2008 agus go leagfadh sé síos freagrachtaí agus cuntasachtaí i dtaca leis na tosaíochtaí sin a bhaint amach. Bhí an Coimisiún den tuairim go mbeadh sé ar an doiciméad oibre ba thábhachtaí don Choimisiún, don bhainistíocht agus don fhoireann agus ceann a mbeadh siad i gcónaí ag tagairt dó nuair a bheadh feidhmíocht agus forbairt na heagraíochta á meas.

EOCHAIRCHUSPÓIRÍ

Leag Ráiteas Straitéise an Choimisiúin síos i dtús ama cúig Eochairchuspóir a bheadh le cur i gcrích aige i saolré an Ráitis. I 2007, chuir an Coimisiún Eochairchuspóir 6 leo chun a ról nua i dtaca leis an Eolaire Reachtúil a léiriú. Is iad an sé chuspóir atá mar chuid den Ráiteas Straitéise anois:

EOCHAIRCHUSPÓIR 1

Scrúdú a chur chun cinn agus a chur i gcrích go hardchaighdeán ar: (1) na tionscadail reatha atá roghnaithe as an 37 Tionscadal sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*; (2) na tionscadail atá fágtha ón *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*; agus (3) na réimsí áirithe dlí ar iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún iad a scrúdú.²

EOCHAIRCHUSPÓIR 2

Tríú Clár Athchóirithe Dlí a fhorbairt agus an clár sin a chur faoi bhráid an Taoisigh le ceadú ag an Rialtas.

EOCHAIRCHUSPÓIR 3

Na freagrachtaí a chuir an tArd-Aighne ar an gCoimisiún i 2006 i dtaca le hathráiteas ar an dlí reachtúil a fhorfheidhmiú.

EOCHAIRCHUSPÓIR 4

A chinntiú go n-oibríonn réimse taighde na heagraíochta, le páirtíocht iomlán na foirne dlí ar fad, ag an leibhéal is airde éifeachtachta agus éifeachtúlachta agus de réir an tsárchleachtais idirnáisiúnta.

EOCHAIRCHUSPÓIR 5

Tacú le hobair an Choimisiúin chun a chinntiú go ndéantar seachadadh ar sheirbhísí sa tslí is costéifeachúla agus is éifeachtaí agus leis an leibhéal is airde páirtíochta foirne

EOCHAIRCHUSPÓIR 6

Na freagrachtaí a chuir an tArd-Aighne ar an gCoimisiún i 2007 i dtaca le Táblaí Croineolaíochta na Reachtanna a fhorfheidhmiú.

² Seo é an leagan reatha de Eochairchuspóir 1. Tháinig sé in áit (ó Eanáir 2008) an tEochairchuspóir 1 bunaigh, a léigh hmar a leanas: "Scrúdú a chur i gcrích go hardchaighdeán ar (1) réimsí áirithe dlí ó thaobh achchóiriú dlí faoi iarratais ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne agus (2) an Dara Clár Athchóirithe Dlí reatha de réir fhorálacha an chláir sin agus a mhéid agus is féidir é laistigh de thréimhse an Ráitis Straitéise seo." Rinneadh = é sin iomarcach nuair a thosaigh an Coimisiún ag obair ar an *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*.

Is dearbhú iad na hEochairchuspóirí sin ar na tascanna suntasacha atá os comhair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana atá clúdaithe ag an Ráiteas Straitéise.

In Eochairchuspóir 1 tá an sainordú tábhachtach go ndéanfaí dul chun cinn i gcur i gcrích an scrúdaithe ar: (1) na tionscadail reatha atá roghnaithe ag an gCoimisiún as an 37 Tionscadal sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014; (2) na tionscadail atá fágtha ón Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007; agus (3) na réimsí áirithe dlí ar iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún iad a scrúdú ar chur i gcrích obair an Dara Clár Athchóirithe Dlí agus mar fhreagra ar iarratais shonracha ón Ard-Aighne.

Déanann Eochairchuspóir 2 tagairt don ghá a bhí leis an Tríú Clár Athchóirithe Dlí a ullmhú, rud a chuir an Coimisiún i gcrích i 2007 agus ar thosaigh obair air go luath i 2008.

Léiríonn Eochairchuspóirí 3 agus 6 freisin an tosaíocht mhór a thugann an Coimisiún do na dúshláin nua atá faighte aige ón Rialtas, clár Athráitis ar an Dlí Reachtuil a ullmhú agus Eolaire Reachtaíochta a choinneáil.

Pléann Eochairchuspóirí 4 agus 5 leis an taighde dlíthiúil agus na tacaí riaracháin atá riachtanach chun a chinntiú gur féidir sainordú an Choimisiúin a bhaint amach.

Monatóireacht ar fhorfheidmiú na nEochairchuspóirí

Leagann an Ráiteas Straitéise síos freisin meicníochtaí tábhachtacha chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidmiú na nEochairchuspóirí. Orthu sin tá ullmhú agus athbhreithniú Phleananna Gnó rollacha ráithiúla, ag léiriú pháirt na meithleacha taighde dlí agus riaracháin i mbaint amach na nEochairchuspóirí. Leagann na Pleananna Gnó amach go soiléir na gníomhartha sonracha atá á dtógáil i ngach réimse; an duine nó na daoine atá freagrach as forfheidmiú gach gníomh; an spriocdháta do gach gníomh; an sprioc don bhliain agus don chéad ráithe eile; agus an duine le freagracht iomlán as torthaí faoi gach gníomh. Do gach ráithe, déanann Coiste Bainistíochta an Choimisiúin measúnú ar dhul chun cinn ar gach eochairchuspóir i gcomhar leis an duine nó daoine ag a bhfuil freagracht iomlán as an gCuspóir. Tugann an Coiste Bainistíochta tuairisc ar dhul chun cinn gach sé mhí don Choimisiún agus díríonn sé a aird freisin ar aon mhórfhadhbanna, bagairtí nó deiseanna a bheadh ag teacht chun cinn. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise go bliantúil agus cinneann sé, i bhfianaise dul chun cinn, cé acu an mbeadh gá aon mhórfhadhbanna a dhéanamh air don chéad bhliain eile. Bíonn an Coimisiún ag plé freisin le hOifig an Ard-Aighne chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn go ginearálta faoin Ráiteas Straitéise. I mí na Nollag 2006, d'aontaigh an Coimisiún gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Straitéise i 2007 chun iarratas an Ard-Aighne maidir leis an Eolaire Reachtaíochta a chur san áireamh. I mí Eanáir 2008, aontáodh go ndéanfaí leasú ar Eochairchuspóir 1 chun tús an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014 a thógáil san áireamh.

CAIBIDIL 2

FOILSEACHÁIN AGUS CLÁR ROLLACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN I 2007

RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo, déanann an Coimisiún cur síos ar ábhar a chuid foilseachán i rith 2007 agus gnéithe eile de Chlár Rollach Oibre an Choimisiúin. Pléitear iad sin faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas atá bunaithe orthu sin sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014:

- An Córas Dlí
- Dlí na Fianaise
- An Dlí Coiriúil
- Dlí Talún agus Tíolacadh
- Dlí Teaghlaigh
- Grúpaí Sonracha agus Soghonta
- Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Tugann na brainsí sin mar aon le haon réimse breise a chuirtear os comhair an Choimisiúin ar iarratas an Ard-Aighne, bunús áisiúil le cur síos a dhéanamh ar obair an Choimisiúin i 2007. I gCaibidil 5, cuireann an Coimisiún síos ar chríochnú na hoibre faoin Dara Clár ó 2000-2007.

Tugann an Caibidil seo deis freisin plé a dhéanamh ar aon fhorbairtí ábhartha i 2007 maidir le forfheidhmiú moltaí athchóirithe a dhéanadh an Coimisiún. I suíomh gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie, tá mír thiomnaithe ina bhfuil léargas ginearálta ar fhorfheidhmiú Thuarascálacha an Choimisiúin, agus tugtar í sin cothrom le dáta ar bhonn rialta.

AN CÓRAS DLÍ

TEACHT AR REACHTAÍOCHT

Mar atá luaite i gCaibidil 1, i 2006 ghlac an Coimisiún freagracht fheidhmeach as Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus, i 2007, ghlac an Coimisiún freagracht fheidhmeach as an Eolaire Reachtúil, ar a dtugtaí Táblaí Croineolaíoch na Reachtanna roimhe sin. Is é atá i gceist le hAthráiteas ar an Dlí Reachtúil ná comhdhlúthú riaracháin ar na leasuithe ar Acht i dtéacs aonair, ionas go mbeadh teacht níos éasca ar reachtaíocht. Faoin *Acht um Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002*, sa chás go bhfuil an téacs faofa ag an Ard-Aighne is féidir brath air mar fhianaise den dlí atá i gceist. Is treoir inchoirdaithe anótáilte do athruithe reachtúla atá san Eolaire Reachtáíochta. Nuair a ghlac an Coimisiún freagracht as an acmhainn thábhactach sin, chinn sé a ainm a athrú go Eolaire Reachtáíochta chun go mbeadh an fheidhm atá aige níos soiléire. Déantar plé níos mine ar na réimsí sin i gCaibidil 3 agus 4 thíos.

Réiteach Malartach ar Dhíospóidí

I 2006, chuir an Coimisiún tús le tionscadal ar Réiteach Malartach ar Dhíospóidí (ADR) faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*. Baineann sé seo le scrúdú ar phrionsabail bhunúsacha rochtana ar cheartas sibhialta. Ón dtaobh sin, feictear go ndéanann ADR comhtháthú ar gach modh réithithe díospóide, ó idirghabháil, trí idir-réiteach, eadráin, Ombudsman, comhlachtaí rialála agus na cúirteanna (lena n-áirítear cúirt na n-éileamh beag). Déanfaidh an Coimisiún iniúchadh ar fhorbairtí atá déanta le déanaí sa réimse sin, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cuirfear críoch leis an obair seo faoin Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014 agus tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar Comhairliúcháin faoi a fhoilsiú i 2008.

Comhdhlúthú agus Athchóiriú ar Achtanna na gCúirteanna

I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna* (LRC CP 46-2007). Tháinig sé sin as tionscadal ar chuir an Coimisiún tús leis i 2005 faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* chun Achtanna na gCúirteanna a athchóiriú agus a leasú. Tá suas le 100 Acht i gceist, a lán díobh a achtaíodh roimh bhunú an Stáit. Ó 1922, tá beagnach 60 Acht achtaithe ag an Oireachtas, rud a fhágann go bhfuil sé deacair teacht ar an dlí ábhartha. Tá an Coimisiún ag tabhairt faoin tionscadal seo i gomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna. Sa tslí sin, tá sé cosúil leis an gComhthionscadal ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha, a bhfuil tagairt thíos dó. Cuimsíonn an Páipéar Comhairliúcháin dréacht-théacs comhdhlúite de na hAchtanna Cúirteanna ábhartha féachaint le Acht Cúirteanna Comhdhlúite a achtú i ndeireadh na scríbe. Lena chois sin, déanann an Páipéar Comhairliúcháin tagairt feisin do roinnt réimsí ar leith arbh fhiú anailís a dhéanamh orthu d'fhonn iad a athchóiriú. Orthu sin tá: an nós imeachta a bhaineann le cás sonraithe; an riail *in camera*; pionóis muirir sheasta; athcomhairc i gcásanna sibhialta agus coiriúla; meadú na dteorainneacha ginearálta airgid sa Chúirt Dúiche agus sa Chúirt Chuarda; rialacha coistí cúirte; triail achomair cionta iondóttáilte agus an ceart rogha a dhéanamh; agus leithdháileadh cásanna idir an Chúirt Choiriúil Chuarda agus an Phríomh-Chúirt Choiriúil. Tá tús curtha anois ag an gCoimisiún le hullmhúcháin chun an tionscadal seo a chur i gcrích faoin *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*.

Teorainn le Caingne

I 2007, chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ginearálta ar an dlí maidir le teorainneacha faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*. Scrúdóidh an tionscadal na tréimhsí teorann d'éilimh sibhialta go ginearálta faoin *Acht um Reachta na dTréimhsí 1957* agus aon comhdhlúthú a fhéadfaí a dhéanamh ar na tréimhsí teorann. Tógann sé freisin ar obair a rinne an Coimisiún roimhe seo inar rinneadh athbhreithniú ar ghnéithe ar leith den réimse dlí seo. Cuirfear an obair ar an tionscadal seo i gcrích faoin *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* agus tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar Comhairliúcháin a fhoilsiú air faoi dheireadh 2008.

Binsí Fiosrúcháin

Chuir an rialtas an *Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005*, a mholann go ndéanfaí forfheidhmiú ar phríomhghnéithe thuarascáil an Choimisiúin, an *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí lena n-áirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC 73-2005), ar ais ar Riar Oibre Dháil Éireann tar éis an Olltoghcháin i 2007. Dhéanfadh Tuarascáil an Choimisiúin agus Bille 2005 athchóiriú agus comhdhlúthú ar na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (*Fianaise*) 1921 go 2004 a chuimsíonn ocht nAcht ar leith faoi láthair.

DLÍ NA FIANAISE

Bunachar Sonraí DNA

I mí Feabhra 2007, d'fhoilsigh an Rialtas Scéim Ghinearálta do *Bhille um Cheartas Coiriúil (Sampláil agus Fianaise Fhóiréinseach) 2007* (atá ar fáil ag www.justice.ie) a dhéanfadh forfheidhmiú ginearálta ar mholtaí an Choimisiúin ina *Thuarascáil ar Bhunú Bhunachair Shonraí DNA* (LRC 78-2005).

Fianaise Shaineolach

I 2006, chuir an Coimisiún tús le tionscadal ar an dlí a bhaineann le finnéithe saineolacha agus a gcuid fianaise. Déanfaidh an tionscadal seo iniúchadh ar roghanna d'athchóiriú ar ghnéithe den réimse seo de dhlí na fianaise, agus clúdóidh sé inghlacthacht na fianaise sin agus nithe gaolmhara i dtaca le hiontaofacht fhinnéithe shaineolacha. Rinne an Coimisiún dul chun cinn mór ar an tionscadal seo i 2007 agus tá sé ar intinn aige Páipéar Comhairliúcháin a fhoilsiú air i 2008.

DLÍ COIRIÚIL

Déanann obair an Choimisiúin ar an dlí substainteach comhlánú ar obair an Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Coiriúil, a bunaíodh faoi Chuid 14 den *Acht um Cheartas Coiriúil 2006*, agus a bhfuil a chuid oibre dírithe ar fhorbairt an chóid choiriúil (féach www.criminalcode.ie).

Marú corparáideach

Tá sé ráite i gClár Reachtaíochta an Rialtais Meán Fómhair 2007 go bhfuil sé ar intinn aige *Bille um Dhúnorgain Chorparáideach* a fhoilsiú a dhéanfadh forfheidhmiú ar mholtaí an Choimisiúin ina *Thuarascáil ar Mharú Corparáideach (LRC 77-2005)*.

Cosaintí sa Dlí Coiriúil

Tá an Coimisiún ag plé le tionscadal ar chosaintí sa dlí coiriúil a chur i gcrích. Faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*, d'fhoilsigh an Coimisiún trí *Pháipéar Comhairliúcháin, Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Pléadáil Bhriogaidh* (LRC CP 27-2003), *Páipéar Comhairliúcháin ar Éigeantas agus Riachtanas* (LRC CP 39-2006) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Chosaint Dhlisteanach* (LRC CP 41-2006). Déanfar corprú ar an ábhar sna Páipéir Chomhairliúcháin i *dThuarascáil ar Chosaint sa Dlí Coiriúil* a chuirfear i gcrích faoin *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*.

Dúnbhású: dúnmharú agus dúnorgain ainneonach

I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnorgain Ainneonach* (LRC CP 44-2007), a tháinig in dhiaidh a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Gné na hIntinne i nDúnmharú* (LRC CP 17-2001). I 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Dhúnbhású: Dúnmharú agus Dúnorgain Ainneonach* (LRC 87-2008), a thug an t-ábhar sa dá Pháipéar Comhairliúcháin le chéile. Fillfidh an Coimisiún chun Tuarascáil 2008 a phlé ina *Thuarascáil Bhliantúil do 2008*.

Cionta neamhfhórásta: iarrachtaí, comhcheilg agus gríosú

I 2006, chuir an Coimisiún tús le tionscadal ar chionta neamhfhórásta. Déanfaidh sé seo scrúdú ar roghanna d'athchóiriú sa dlí i dtaca le hiarrachtaí, comhcheilg agus gríosú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar Comhairliúcháin a fhoilsiú sa réimse seo i 2008

Mionchionta: fíneálacha

I mí Eanáir 2007, d'fhoilsigh an Rialtas an Bille Fíneálacha 2007 a mholann go ndéanfaí forfheidhmiú ar mholtaí an Choimisiúin ina *Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha: Athbhreithniú ar Fhorbairtí* (LRC 65-2002) agus an *Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha* (LRC 37-1991).

Ceartas Íocshláinteach: ciontuithe spíonta

I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Chiontuithe Spíonta* (LRC 84-2007). Bhí sé ráite freisin sa *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte* (LRC CP 31-2004) go n-úsáidtear an Bosca Déirce go minic i leaba ciontú a iontráil, rud a chiallaíonn taifead coiriúil buan faoin dlí reatha. Nótáil an Coimisiún go bhfeidhmíonn a lán Stáit eile dlíthe 'ciontuithe spíonta', faoina bhféadfaí mionchionta nó seanchionta a bhaint den taifead do ghnóthaí áirithe, cé go bhféadfaí iad a nochtadh do ghnóthaí eile, go háirithe má bhíonn poist íogaire i gceist. Molann an *Tuarascáil ar Chiontuithe Spíonta* gur cheart a leithéid de scéim a thabhairt isteach sa Stát seo do chiontóirí fásta (tá scéim do dhaoine faoi 18 ann cheana féin faoi *Acht na Leanaí* 2001). Molann an *Tuarascáil* gur cheart cionta áirithe a choinneáil amach as an scéim atá molta (a) aon chion atá intrialte ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil, cosúil le dúnmharú; (b) aon chion gnéis mar atá sainmhínithe san *Acht um Chiontóirí Gnéis 2001*; agus (c) aon chion eile inar ghearr an chúirt pianbhreith níos mó ná 6 mhí (pianbhreith ar fionraí san áireamh). Molann an *Tuarascáil* gurb é an tréimhse amach nach mór do dhuine a bheith saor ó chiontú sular féidir glacadh leis go bhfuil an ciontú "spíonta" ná 7 mbliana ó dháta an chiontuithe sa chás go ngearrtar pianbhreith choimeádta suas le 6 mhí, agus 5 bliana ó dháta an chiontuithe sa chás go ndéantar ordú neamhchoimeádta, cosúil le fíneáil nó dícháiliú. Molann an Coimisiún go nochtfaí ciontuithe fós, lena n-áirítear ciontuithe spíonta, ag éisteacht pianbhreithe agus i roinnt cásanna neamhchoiriúla cosúil le cinn maidir le rochtain ar leanaí agus go gcaithfí a thógáil san áireamh freisin an gá atá le nochtadh faisnéise i gcomhthéacs seiceála le haghaidh fostaíochta. Nótáileann an Coimisiún gur foilsíodh *Bille um Chiontuithe Spíonta 2007*, Bille Comhalta Phríobháidigh, ag deireadh 2007 agus go bhfuil sé bunaithe den chuid is mó ar dhréacht-Bhille an Choimisiúin atá ceangailte leis an *Tuarascáil*.

DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACADH

Códú dlí talún agus dlí tíolactha

I rith 2007, lean an Coimisiún air ag cuidiú leis na caibidlí agus na díospóireachtaí ar an *mBille um Athchóiriú ar an Dlí Talún agus Tíolactha 2006*, atá bunaithe ar an dréacht-Bhille sa *Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú an Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC 74-2005). Nuair a bhíonn sé achtaithe, déanfaidh Bille 2006 aisghairm ar beagnach 200 Acht réamh-1922 sa réimse seo (ag tosú le *De Donis Conditionalibus* ó 1285) agus cuirfidh sé cód aonair reachtaíochta in áit a lán rialacha faoin dlí coiteann agus rialacha reachtúla ar an dlí talún, tíolacadh agus réimsí gaolmhara.

Léarscáil Bhóithre ríomhThíolactha

Tá na hathruithe substainteacha atá á ndéanamh i mBille 2006 mar chuid de Thionscadal ríomhThíolactha an Choimisiúin, a sheol sé i 2003 leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007*. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar an dlí substainteach i gceist leis an gComhthionscadal seo agus cuimsíonn sé freisin na gnéithe ábhartha nós imeachta agus riaracháin féachaint le ríomhThíolacadh a thabhairt isteach i ndeireadh na scríbe. Rinne an Coimisiún maoirseacht (le cúnamh ón gCoimisiún Sochaí Faisnéise) ar shamhaltú den bpróiseas tíolactha reatha in Éirinn, as ar tháinig an *Tuarascáil ar ríomhThíolacadh; Samhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann* (LRC 79-2006). I rith 2007, chuir an Coimisiún tús le hobair ar an gcéad chéim eile den tionscadal ina ndéanfaidh an Coimisiún, i gcomhar freisin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, forbairt ar léarscáil bhóithre do chóras ríomhThíolactha a chuirfear i láthair an Rialtais.

An dlí um thiarnaí talún agus tionóntaí

Comhthreomhar lena thionscadal ar an dlí talún agus dlí tíolactha, thionscain an Coimisiún mórthionscadal taighde ar an dlí um thiarnaí talún agus tionóntaí féachaint le moltaí a dhéanamh d'athchóiriú. I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar an Dlí um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí* (LRC 85-2007). Tugann an Tuarascáil seo le chéile an t-ábhar sa *Pháipéar Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó* (LRC CP 21-2003) agus an *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Ginearálta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí* (LRC 28-2003). Tá dréacht-Bhille sa Tuarascáil, *Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí* a dhéanann comhdhlúthú ar an bpríomhdhlí um thiarnaí talún agus tionóntaí.

Déanann an dlí ginearálta um thiarnaí talún agus tionóntaí cur síos ar eochairghnéithe an ghaoil idir tiarna talún agus tionónta, atá bunaithe ar an gconradh idir na páirtithe. Ar an ngné seo, déanann an dréacht-Bhille: soiléiriú ar fhairsinge oibleagáidí ginearálta an tiarna talún agus an tionónta, go háirithe sa chás nach ndéanann na páirtithe soláthar ar leith sa léas nó comhaontú tionóntachta; soiléiriú agus nuachóiriú ar rialacha i dtaca le léas nó tionónacht a fhoirceannadh (“fógra fágála” mar a thugtar air faoi láthair) agus plé leis na cearta ar thionóntacht nua nó na srianta ar na cearta sin; moladh inscríobh a dhéanamh ar na díolúintí iomlána reatha atá ar an Stát mar thiarna talún i dtionóntachtaí gnó; agus moladh go naisghairmfí reachtanna réamh-1922 maidir le dlí um thiarnaí talún agus tionóntaí, go háirithe “Deasy’s Act”, an *Landlord and Tenant Law Amendment Act Ireland 1860*. I dtéarmaí na ngnéithe scoite den dlí um thiarnaí talún agus tionóntaí i dtaca le tionóntachtaí gnó, tógann an dréacht-Bhille, le hathchóiriú, áit na reachtaíochta reatha mar atá sna *hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí 1980, 1984, 1989 and 1994*.

Is réimse ollmhór é an dlí um thiarnaí talún agus tionóntaí agus pléann an Tuarascáil le gnéithe suntasacha de seo, ach ní phléann sí le gach gné. Réimse nach bhfuil clúdaithe go sonrach is ea tionóntachtaí cónaithe, a bhfuiltear tar éis déileáil leis cheana féin san *Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004*. Agus ní phléann an Tuarascáil go sonrach le tionóntachtaí talmhaíochta (atá tearc go leor in Éirinn sa lá atá inniu ann), ach tá léasanna feirmeoireachta clúdaithe sa mhéid a bhaineann siad le gnó. Ní phléann an Tuarascáil le reachtaíocht chíosanna talún, ar réimse chomh casta é dar leis an gCoimisiún go dteastaíonn staidéar ar leith uaidh. Nótálann an Coimisiún go bhfuil dúshlán bunreachtúil don reachtaíocht chíosanna talún reatha ar feitheamh sa Chúirt Uachtarach faoi láthair (*Shirley v A. O’Gorman & Co Ltd*).

Dlí iontaobhais: iontaobhais charthanais

I mí Aibreáin 2007, d'fhoilsigh an Rialtas an Bille Carthanais 2007 a mholann go ndéanfaí forfheidhmiú ar an coda sin den *Tuarascáil ar Ionntaobhais Charthanais agus Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais* (LRC 80-2006) a phléann le hionntaobhaithe carthanais.

DLÍ TEAGHLAIGH

Dlí Uchtála

I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Ghnéithe d'Uchtáil Idir Thíortha* (LRC CP 43-2007). D'eascair sé sin as iarratas ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne, faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, athchóirithe a bhreithníú agus a mholadh i dtaca le stádas agus cearta linbh atá ina chónaí lasmuigh den Stát agus a bhfuil ordú uchtála eachtrach déanta ina leith i bhfabhar shaoránaigh nó saoránach de chuid na hÉireann; agus an bealach is éifeachtaí le comhlíonadh dualgas bunreachtúil agus dlíthiúil na dtuismitheoirí uchtála – agus an Stáit – i leith an linbh sin a chinntiú. Tháinig an t-iarratas ón Ard-Aighne agus *Attorney General v Dowse (2006)* mar chúlra láithreach aige. Bhain an cás sin le huchtú linbh Indinéisigh, ar tugadh aitheantas dó agus ar cláraíodh é in Éirinn faoin Acht Uchtála 1991, ach a ndearna na tuismitheoirí uchtála iarratas níos déanaí cúlghairm a dhéanamh air. Mhol an Coimisiún go sealadach dá dtarlódh cás mar cás Dowse san am atá le teacht, gurb é an tArd-Aighne, ina ról mar chaomhnóir ar leas an phobail, agus i gcomhar le seirbhísí taidhleoireachta agus consalachta an Rialtais, an t-oifigeach Stáit ba oiriúnaí le cearta an linbh a chosaint faoi réir ag prionsabail cuí an dlí idirnáisiúnta. D'athdhearbhaigh an Coimisiún freisin moladh a rinneadh i 1998 go ndaingneofaí agus go gcorprófaí i nDlí na hÉireann *Coinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i Leith Uchthála Idir Thíortha 1993*. Fáiltíonn an Coimisiún roimh an reachtaíocht atá molta ag an Rialtas chuige sin. D'fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil ar an réimse sin i 2008 agus fillfidh sé chun an Tuarascáil a phlé i dTuarascáil Bhliantúil 2008.

Comhchónaitheoirí

Deir Clár Reachtaíochta an Rialtais Meán Fómhair 2007 go bhfuil sé ar intinn ag an Rialtas *Bille um Pháirtíocht Theaghlaigh* a fhoilsiú, agus go ndéanfaidh cuid den Bhille forfheidhmiú ar na moltaí sa *Tuarascáil ar Chearta agus Dualgais Chomhchónaitheoirí* (LRC 82-2006)

SAINGHRÚPAÍ AGUS GRÚPAÍ SOGHONTA

Daoine Fásta Soghonta, Inniúlacht agus Caomhnóireacht

Deir Clár Reachtaíochta an Rialtais Meán Fómhair 2007 go bhfuil sé ar intinn ag an Rialtas *Bille um Chumas Meabhrach agus Caomhnóireacht* a fhoilsiú a dhéanfaidh forfheidhmiú ar mholtaí an Choimisiúin sa *Tuarascáil ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí* (LRC 83-2006). Leanann sé seo díospóireacht i Seanad Éireann i 2007 ar Bhille Comhalta Phríobháidigh, an *Bille um Chumas Meabhrach agus Caomhnóireacht 2007*, a bhí bunaithe ar dhréacht-Bhille an Choimisiúin i dTuarascáil 2006. Mar fhreagra ar an mBille Comhalta Phríobháidigh, dúirt an Rialtas gur ghlac sé leis na prionsabail a bhí sa Bhille agus measadh an Dara Céim a bheith rite aige sa Seanad.

DLÍ TRÁCHTÁLA AGUS DLÍ NA N-OIBLEAGÁIDÍ

Dliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach

I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach* (LRC CP 47-2007). Tháinig sé seo mar thoradh ar iarratas ón Ard-Aighne breithniú ar an dualgas cúraim agus/nó an caighdeán cúraim sa dlí a bhaineann le Samáraigh Maithe agus iad sin a chuireann seirbhísí deonacha ar fáil, ar mhaithe leis an tsochaí; agus cé acu ar cheart an dlí a athchóiriú chun dualgas a chur idirghabháil a dhéanamh agus cúnadh a thabhairt do dhuine gonta nó duine a bheadh i mbaol a bheith gonta. Tá moladh sealadach déanta ag an gCoimisiún sa Pháipéar Comhairliúcháin nár cheart an dlí a leasú chun dualgas ginearálta dearfach a chur idirghabháil a dhéanamh chun daoine atá i gcontúirt a tharrtháil de bhreis ar a bhfuil sa dlí cheana féin (mar shampla faoi reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht ag obair). Tá sé molta go sealadach ag an gCoimisiún, chun déileáil le haon imní a bheadh orthu sin a dhéanfadh cinneadh a bheith ina Samáraigh Maithe nó a bheadh ina saorálaigh sa tsochaí, agus freisin chun an dlí a shoiléiriú, gur cheart na rialacha ábhartha a chur i bhfoirm reachtaíochta. Chlúdódh an dlí atá molta Samáraigh Maithe agus lucht tarrthála saorálach. Tá sé molta go sealadach ag an gCoimisiún freisin go gcuirfeadh an reachtaíocht atá molta cosaint iomlán ar fáil in aghaidh éileamh dhliteanais shibhialta do Shamáraigh Maithe agus lucht tarrthála saorálach, mura bhfuil mórfhaillí i gceist, is é sin, faillí a thiteann faoi bhun an chaighdeáin lena mbeifí ag súil sna cúinsí. Tá an tástáil mórfhaillí ar aon dul le dlíthe den chineál céanna atá in áit ina lán tíortha, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil, agus an Nua-Shéalainn. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún a Tuarascáil ar an gceist seo a fhoilsiú i 2008.8.

Clúmhillleadh

Shroich an *Bille um Chlúmhillleadh 2006*, a mholann go ndéanfaí forfheidhmiú, i measc nithe eile, ar an *Tuarascáil ar an Dlí Sibhialta i dtaca le Clúmhillleadh* (LRC 38-1991) agus an *Tuarascáil ar Choir an Leabhail* (LRC 41-1991), Céim an Choiste i Seanad Éireann i mí an Mhárta 2007. Cuireadh Bille 2006 ar ais ar Riar na hOibre i Seanad Éireann tar éis an Olltoghcháin i 2007.

FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN I 2007

I 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún trí Thuarascáil, cúig Pháipéar Comhairliúcháin agus Páipéar Seimineáir. Ba iad sin:

- *Páipéar Comhairliúcháin ar Ghnéithe d'Uchtáil Idir Thíortha* (LRC CP 43-2007) (Márta 2007) *
- *Páipéar Seimineáir ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí* (LRC SP 3-2007) (Márta 2007)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnorgain Ainneonach* (LRC CP 44-2007) (LRC CP 44-2007) (Aibreán 2007)

- *Páipéar Comhairliúcháin ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil* (LRC CP 45-2007) (Iúil 2007)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Comhdhlúthú Achtanna na gCúirteanna* (LRC CP 46-2007) (Iúil 2007)
- *Tuarascáil ar Chiontuithé Spíonta* (LRC 84-2007) (Iúil 2007)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Dliteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálach* (LRC CP 47-2007) (Samhain 2007) *
- *Tuarascáil ar an Dlí Ginearálta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí* (LRC 85-2007) (Samhain 2007)
- *Tuarascáil ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014* (LRC 86-2007) (Nollaig 2007)

Tá foilseacháin a d'eascair as iarratais ón Ard-Aighne marcáilte le réiltín (*)

CAIBIDIL 3

ATHRÁITEAS AR AN DLÍ REACTÚIL

RÉAMHRÁ

Reactaíocht atá leasaithe nó a leasaíonn reactaíocht eile is mó atá i Leabhar Reactanna na hÉireann. Chun staid reatha an dlí a dheimhniú, ní mór an reactaíocht bhunaigh agus an reactaíocht leasaithe a thabhairt le chéile in aon téacs amháin. Is próiseas deacair é seo a thógann go leor ama, agus a chosnaíonn go leor ar úsáideoirí reactaíochta. D'aithin an tionscnamh Rialáil Níos Fearr go bhféadfaí cuíchóiriú a dhéanamh ar an Leabhar Reactanna agus achtaíodh an *tAcht ar an Dlí Reactúil (Athráiteas) 2002*. Is próiseas é Athráiteas ar an Dlí Reactúil faoina gcuirtear reactaíocht leasaithe i bhfeidhm ar an reactaíocht reatha agus go ndéantar iad a chomhtháthú, agus go dtagann téacs comhaontaithe as a bhíonn le léamh gan uaim. Foráileann Acht 2002 go bhféadfaidh an tArd-Aighne deimniú a thabhairt go bhfuil athráitis ina ráitis ar an dlí atá iontu lena mbaineann siad, agus gur féidir brath orthu sa chúirt, ach go dtabharfaí tús áite don dlí bunaigh as ar cruinníodh iad má bhíonn coimhlint.

Thug an tArd-Aighne deimniú do cheithre athráiteas i 2003 agus 2004 agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin Oifig an Ard-Aighne

FORBHREATHNÚ

Tugadh freagracht as Athráiteas don Choimisiún i 2006 trí chinneadh Rialtais. I mí Iúil 2007 d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Athráiteas ar an Dlí Reactúil* (LRC CP 45-2007). Leag an Páipéar amach an cúlra ginearálta don tionscadal ar Athráiteas ar an Dlí Reactúil, torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí a thionscain an Taoiseach i mí na Bealtaine 2006, an liosta sealadach Achtanna a bhí molta don Choimisiún le haghaidh athráitis a raibh meáchan tosaíochta tugtha dóibh de réir critéar áirithe, gnéithe teicneolaíochta den tionscadal lena n-áirítear formáid an stóir leictreonaigh reactaíochta agus foilsiú athráiteas, agus trí dhréacht-athráiteas den *Acht um Shaoráil Faisnéise 1997* a bhí curtha i gcrích ag an gCoimisiún. D'iarr an Páipéar Comhairliúcháin tuilleadh aighneachtaí maidir le réimse ceisteanna a ardaíodh sa Pháipéar.

D'aithin taighde an Choimisiúin XML mar an roghatheanga marcála le coinneáil agus le hoibriú leis an stór leictreonach reactaíochta. I mí Dheireadh Fómhair 2007 chuir an Coimisiún tús le próiseas soláthair phoiblí d'fhorbairt áise ceapadóireachta XML a tabharfadh cúnaimh le hathráitis a ullmhú, agus ag a mbeadh gnéithe a thacódh le cuardach leictreonach, eagarthóireacht, formáidiú, ordú, seicliostaí dhearbhu cáilíochta agus rianta iniúchta. D'aithin an Coimisiún soláthróir tosaíochta, an gnólacht Ríochta Aontaithe TSO, i mí na Nollag 2007 agus agus rinne sé comhaontú i bprionsabail do sholáthar áise ceapadóireachta cosúil leis an gceann a bhí forbartha cheana féin ag TSO don tionscadal Bunachair Dlí Reactúil sa Ríocht Aontaithe.

Fuair an Coimisiún cóiríocht shealadach ar Bhóthar Mespil do na meithleacha nua Athráitis agus Eolaire Reactaíochta ó Iúil 2007 go Eanáir 2008. Shocraigh sé go ndéanfaí feistiú ar an hoifigí sin agus suiteáil ar nasc leis an gcóras ríomhaireachta sa phríomhoifig i mBóthar Shelbourne. Earcaíodh Bainisteoir Tionscadail don tionscadal aithráitis rud a chuir bailchríoch ar an meitheal Athráitis.

Nuair a tháinig deireadh leis an tréimhse Comhairliúcháin a chríochnaigh ar an 30 Meán Fómhair 2007, cuireadh tús le hobair ar Thuarascáil a ullmhú bunaithe ar an bPáipéar Comhairliúcháin, aighneachtaí a fuarthas agus tuilleadh taighde. Thug an mheitheal faoi chleachtaí athráitis ag baint úsáide as bogearra próiseála focal (seachas XML) chun an mhodheolaíocht a fhorbairt agus an próiseas a dhoiciméadú, agus d'aithin sí grúpaí gaolmhara reachtaíochta i-bhfeidhm san ullmhúchán d'fhorbairt an chéad chlár athráitis.

CAIBIDIL 4

EOLAIRE REACHTAÍOCHTA

RÉAMHRÁ

Is bunachar sonraí atá ar fáil go poiblí é an tEolaire Reachtaíochta. Is í an phríomhaidhm atá leis ná doiciméadú a dhéanamh ar athruithe a bheadh déanta ar bhunreachtaíocht ag reachtaíocht níos déanaí. Cuireann an acmhainn foinse ríthábhachtach eolais ar fáil a chabhraíonn le dlíodóirí gairmiúla, déantóirí dlí agus tuataigh iad féin a chur ar an eolas maidir le staid reatha an dlí.

Tá tiomsú agus cothabháil an Eolaire Reachtaíochta mar chuid den pholasáí ginearálta “Rialáil Níos Fearr” atá pléite sa Pháipéar Bán Rialtais 2004 dar teideal Rialáil Níos Fearr. Bhí sé mar aidhm ag an bPáipéar Bán:

“...cuidiú le hiomaíochas náisiúnta a fheabhsú agus Rialtas níos fearr trína chinntiú go ndéanfaí measúnú dian ar rialacháin nua – Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla (Orduithe) – i dtéarmaí a dtionchar, teacht níos fearr a bheith ag an uile dhuine orthu agus iad a bheith níos sothuigthe”

Sa doiciméad sin aithníodh trédhearcacht agus cuntasacht mar dhá cheann den sé phrionsabal rialála níos fearr a bhí le cur chun cinn mar chuid den tionscnamh “Rialáil Níos Fearr”. Cuireann an tEolaire Reachtaíochta le trédhearcacht Leabhar Reachtanna na hÉireann. Tá teacht níos fearr ag saoránaigh ar an dlí dá bharr agus cuireann sé le cuntasacht an dlí.

FORBHREATHNÚ

Aistríodh freagracht as an Eolaire Reachtaíochta (ar a dtugtaí Táblaí Croineolaíochta na Reachtanna roimhe seo) ó Oifig an Ard-Aighne go dtí an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i mí Iúil 2007. Chuir Oifig an Ard-Aighne an ceann deireanach dá feidhmeanna cothabhála ar an Eolaire Reachtaíochta i bhfeidhm i mí Eanáir 2008 nuair a rinne sé uasdátú ar an Eolaire Reachtaíochta go 31 Nollaig 2005.

I rith 2007 d’earcaigh an Coimisiún Bainisteoir Earcaíochta agus dhá thaighdeoir chun dul ag obair ar an tionscadal nua.

Rinne an Coimisiún an cinneadh i mí na Nollag 2007 an t-ainm “Táblaí Croineolaíochta na Reachtanna” a athrú go dtí “Eolaire Reachtaíochta”. Tógadh an cinneadh seo chun léiriú níos fearr a thabhairt d’úsáideoirí poitéinsiúla ar fheidhm na hacmhainne seo mar threoraí inchuadaithe ar éifeachtaí reachtúla, chomh maith le marcáil a dhéanamh ar an dáileadh nua freagrachta ar an gCoimisiún, rud as a dtiocfaidh in am tráth tionscnaimh nua i dtéarmaí cur i láthair agus feidhmiúlachta.

I 2007 chuir an Coimisiún tús le le hathbhreithniú ar an Eolaire Reachtaíochta mar aon le hullmhúcháin do fhoilsiú Pháipéir Chomhairliúcháin i 2008 – *An tEolaire Reachtaíochta: I dTreó Samhaile Dea-chleachtais*.

Bhí soláthar freisin sa chonradh d'áis cheapadóireachta a rinneadh le TSO, agus a bhfuil tagairt dó cheana i gcomhthéacs Athráiteas ar an DLí Reachtúil, d'áis i dtaca le ceapadóireacht agus cothabháil an Eolaire Reachtaíochta.

Reachtáil an Coimisiún sraith cruinnithe freisin maidir lena chuid oibre ar an Eolaire Reachtúil. Orthu sin bhí cruinnithe leis an Statutory Publications Office i mBéal Feirste, an Office of Public Sector Information (OPSI) i Londain agus le Mr. Ed Hicks, comhairleoir ó Ceanada, in Oifig an Ard-Aighne, ar theicneolaíocht, dréachtú reachtúil agus foilsiú i gCeanada.

CAIBIDIL 5

CUR I GCRÍCH AN DARA CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2000-2007

Sa Chaibidil seo, cuireann an Coimisiún síos ar an obair a cuireadh i gcrích faoin Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007 faoi na ceannteidil seo a leanas, atá bunaithe orthu sin i nDara Clár an Choimisiúin agus a thógann san áireamh freisin nithe ar dhéileáil an Coimisiúin leo mar fhreagra ar iarratais ón Ard-Aighne:

1. An Córas Dlí
2. Dlí na Fianaise
3. Dlí Riaracháin
4. An Dlí Coiriúil
5. Dlí Cánach
6. Dlí Talún agus Tíolacadh
7. Grúpaí Soghonta agus an Dlí
8. Dlí Teaghlaigh
9. Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

FORBHREATHNÚ AR CHUR I GCRÍCH AN DARA CLÁR

Tá an Coimisiún anois i gcéimeanna tosaigh a *Thrú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*. Tugann an rannán seo den Chaibidil forbhreathnú ardleibhéil ar chur i gcrích na dtionscadal sa *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* ag an gCoimisiún. Lena chois sin, i rith 2000-2007, bhí an Coimisiún ag plé le hiarratais shonracha ón Ard-Aighne faoi Acht 1975; bhí ceann ar an meán de na hiarratais bhreise sin ón Ard-Aighne in aghaidh na bliana i rith an ama sin. Tugann na tagairtí ginearálta seo a leanas léargas ar obair an Choimisiúin idir 2000 agus 2007.

- Liostáil An *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* 30 réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú (déanann teidil 31 agus 32 tagairt níos ginearálta do dhlí príobháideach idirnáisiúnta agus Bille Forálacha Ilghnéitheacha).
- Ina *Thuarascáil Bhliantúil 2004*, Caibidil 5, d'fhoilsigh an Coimisiún athbhreithniú lártéarma ar an dul chun cinn a bhí déanta ar an gClár a chur i gcrích.
- I gcuid den 30 réimse nó teideal seo tá topaic aonair (déanann teideal 19 tagairt do ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtí); i gcuid acu tá roinnt topaicí difriúla – gaolmhar lena chéile de ghnáth- (déanann teideal 12 tagairt do na cosaintí, briogadh, cosaint dhlísteanaigh, éigeantas agus riachtanas); agus baineann cuid eile acu le réimse an-ghinearálta ('Teorainn na gcaingean' an ceannteideal atá ar theideal 2).
- Faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* agus mar fhreagra ar iarratais ón Ard-Aighne idir 2000 agus 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún 30 Páipéar Comhairliúcháin agus 30 Tuarascáil atá liostaithe sa Tábla thíos. Bhain trí Thuarascáil a foilsíodh i 2008 (Ionpháirteacht i gConradh, Forbairtí Ilaonad agus Dlí Iontaobhas) le tionscadail de chuid an Dara Clár a chur i gcrích.

Tábla Foilseacháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 2000-2008

Bliain	Tuarascálacha	Páipéir Chomhairliúcháin	Iomlán
2000	4	1	5
2001	1	1	2
2002	4	2	6
2003	2	9	11
2004	2	6	8
2005	6	4	10
2006	5	4	9
2007	3	5	8
2008	3	0	3
Iomlán	30	32	62

- As an 62 foilseachán sin, d'eascair 11 as iarratais ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne.
- Bhain an 62 foilseachán le 30 réimse ar leith.
- Ó thaobh roinnt de na tionscadail ar thug an Coimisiún fúthu idir 2000 agus 2007 bhí leathnú mór i gceist ar na réimsí ábhair sonracha a bhí aitheanta sa Dara Clár Athchóirithe Dlí. Mar shampla, d'eascair dhá mhórtionscnamh as an Tionscadal ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún. Sa chéad dul síos, is tionscnamh *Rialáil Níos Ferr é an Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC 74-2005), lena bhfuil athghairm os cionn 150 reacht réamh-1922 ar dlí talún agus tíolacadh i gceist agus dlí cómhhdhlúite agus códaithe a chur ina n-áit. As sin tháinig foilsíú Bille Rialtais, an *Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006* (a rith Seanad Éireann i mí na Samhna 2006), agus bhí an Coimisiún páirteach freisin sa ghrúpa oibre a bhí gafa le dréachtú agus leasú an Bhille sin agus é ar a bhealach tríd an tOireachtas. Sa dara dul síos, tógann an *Tuarascáil ar ríomhThíolacadh: Samhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann* (LRC 79-2006) ar Thuarscáil an Choimisiúin i 2005 trí shamhailphróiseas mionsonraithe den bheart tíolactha agus léarscáil bhóithre do ríomhThíolacadh a leagadh amach. Cuirfear críoch leis an tionscadal sin faoin *Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014*.
- Faoi dheireadh thréimhse an Dara Clár, bhí an Coimisiún tar éis tús nó críoch a chur le 27 den 30 réimse sa Dara Clár.

³ Áirítear gur aon réimse amháin dlí atá clúdaithe ag an Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha (LRC 74-2005), cé gur chorpraigh sí obair a rinne an Coimisiún roimhe sin, lena n-áirítear 5 Thuarscáil agus aon Pháipéar Chomhairliúcháin amháin a foilsíodh idir 2000 agus 2004.

- As an 30 réimse a bhí aitheanta don Dara Clár, tháinig forbairtí ó 2000 chun tosaigh ar 4 réimse, go hiomlán nó go pointe, sa mhéid is go raibh tús nó críoch curtha ag comhlachtaí eile le tionscadail inchomparáide sna réimsí sin.

Go achomair, bhí tús nó críoch curtha ag an gCoimisiún le tionscadail faoi na ceannteidil ar fad sa Dara Clár nach raibh forbairtí ó 2002 tar éis teacht rompu. Is féidir leis an gCoimisiún a rá mar sin go bhfuil cur i gcrích subtaintiúil déanta ar an Dara Clár laistigh den fhráma ama go deireadh 2007 mar a leagadh síos i 2000.⁴

Sa chuid eile den Chaibidil seo tá anailís mionsonraithe ar an obair a cuireadh i gcrích ar gach ceann den 30 topaic sa *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* bunaithe ar an seacht bpríomhcheannteideal atá liostaithe ag tús an Chaibidil.

1. AN CÓRAS DLÍ

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* cúig réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú:

- Teacht ar an dlí don saoránach agus, go háirithe, éifeachtúlacht fhógairt agus scaipeadh reachtanna agus ionsraimí reachtúla.
- Teorainn le Caingne.
- Caingne aicmeacha agus caingne ionadaíocha.
- Réiteach Malartach ar Dhíospóidí
- Dlí Reachtúil: cur i gcrích shainchúram an Choimisiúin faoin gCéad Chlár ó thaobh dréachtú agus léirmhíniú reachtúil.

1.1 Tagairt Ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Córas Dlí

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tús nó críoch le tionscadail faoi gach ceann den chúig réimse.

1.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Córas Dlí

Ar theacht ar an dlí don saoránach, chuir an Coimisiún i gcrích a *Thuarascáil ar Dhréachtú agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC 61-2000). Lena chois sin, i 2007, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Comhdhlúthú Achtanna an gCúirteanna* (LRC CP 46-2007) ina bhfuil dréacht-Bhille Comhdhlúite na gCúirteanna, a chuimsíonn ní amháin an reachtaíocht a ritheadh ó 1924 ach freisin reachtaíocht ábhartha réamh-1922. Tá an tionscadal á stiúru ag an gCoimisiún le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna. Táthar tar éis an tionscadal seo a chorprú sa *Trí Clár Athchóirithe Dlí*.

Ar theorainn le caingne, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí ar Theorainn le Caingne ag eascairt as Míúsáid Neamhghnéasach Leanaí* (LRC CP 16-2000) agus *Tuarascáil ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Damáiste Neamhfholais (Seachas Díobháil Phearsanta)* (LRC 64-2001). D'eascair siad sin as iarratais ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne. I 2007, chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ginearálta ar an dlí ar theorainn le

⁴ Cuirfear roinnt tionscadal i gcrích ó 2008 ar aghaidh agus tugadh iad sin anonn, dá bhrí sin, le cur i gcrích faoin Trí Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014.

caingne, agus táthar tar éis é sin a chorprú sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

Faoin gceannteideal caingne aicmeacha agus caingne ionadaíocha a thógtar le leas an phobail, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Dhlíthíocht Ilpháirtí* (LRC 76-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhlíthíocht Ilpháirtí* (LRC CP 25-2003).

Maidir le réiteach malartach ar dhíospóidí, chuir an Coimisiún tús le hobair ar an tionscadal sin i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus foilseoidh sé *Páipéar Comhairliúcháin ar an gceist sa chéad leath de 2008*. Táthar tar éis é sin a chorprú sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

Ar chur i gcrích shainchúram an Choimisiúin faoin gCéad Chlár ó thaobh dréachtú agus léirmhíniú reachtúil, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Dhréachtú agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC 61-2000).

2. DLÍ NA FIANAISE

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár dhá réimse dlí le scrúdú féachaint lean n-athchóiriú:

- Fianaise fhóiréinseach.
- Gnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla.

2.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Fianaise

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tús nó críoch le tionscadail sa dá réimse..

2.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal Fianaise

Faoi fhianaise fhóiréinseach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Bhunú Bhunachair Shonraí DNA* (LRC – 2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Shonraí DNA* (LRC CP 29-2004). D'éascair sé sin as iarratas ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne. Tá an Coimisiún tar éis an réimse sin a chorprú freisin sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

Maidir le gnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla, chuir an Coimisiún tús le tionscadal ar an dlí i dtaca le fianaise shaineolach i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus foilseoidh sé *Páipéar Comhairliúcháin ar an gceist sa chéad leath de 2008*. Táthar tar éis gnéithe sonracha de dhlí na fianaise a chorprú freisin sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

3. DLÍ RIARACHÁIN

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár dhá réimse dlí le scrúdu d'fhonn iad a athchóiriú:

- Binsí Fiosrúcháin
- Achomhairc ó chinntí riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach.

3.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Riaracháin

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tionscadail i gcrích faoin dá réimse.

3.2 Tagairtí mionsonraithe ar chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal Dlí Riaracháin

Maidir le binsí fiosrúcháin, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC 73-2005), ag leanúint óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Fhiosrúcháin Phoiblí lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC CP 22-2003).

Maidir le hachomhairc ó chinntí riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC 73-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC CP 20-2003).

4. DLÍ COIRIÚIL

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár seacht réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú

- Dlí Dúnbhásaithe.
- Cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlísteanach, éigeantas agus riachtanas.
- Cionta neamhfhórásta.
- Nós imeachta i gcásanna coiriúla.
- Ceartas íocshláinteach.
- Dlíteanas coiriúil corparáideach.
- Pionóis do mhionchionta.

4.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Coiriúil

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tús nó críoch le tionscadail faoi gach ceann den seacht réimse.

4.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Coiriúil

Maidir le dlí dúnbhásaithe, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Gné na hIntinne i nDúnmharú* (LRC CP 17-2001) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Dúnorgain Ainneonach* (LRC CP 44-2007). Corpraíodh an tionscadal seo sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí* agus, i 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Dhúnbhású: Dúnmharú agus Dúnorgain Ainneonach* (LRC 87-2008).

Maidir le cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlísteanach, éigeantas agus riachtanas, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Briogadh a Phléadáil* (LRC CP 27-2003), *Páipéar Comhairliúcháin ar Éigeantas agus Riachtanas* (LRC CP 39-2006) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Chosaint Dhlísteanach* (LRC CP 41-2006). Foilseoidh an Coimisiún *Tuarascáil* ar na cosaintí sin i 2008 agus táthar tar éis é sin a chorprú sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

Maidir le cosaintí neamhfhórásta, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Chionta Neamhfhórásta* (LRC CP 48-2008) i 2008 agus táthar tar éis an réimse sin a chorprú sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

I dtaca le nós imeachta i gcásanna coiriúla, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Achomhairc Ionchúisimh agus Éisteachtaí Réamhthrialacha* (LRC 81-2006), inar corpraíodh an t-ábhar ina *Pháipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Tugadh ar Díotáil* (LRC CP 19-2002) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Dhaorbhreitheanna Róboga sa Chúirt Dúiche* (LRC CP 33-2004), é sin ag eascairt as iarratas ón Ard-Aighne.

Maidir le ceartas íocshláinteach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí* (LRC 75-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte* (LRC CP 31-2004). Ó tarla gur bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí Coimisiún um Chearas Íocshláinteach (bunaithe ar thionscadail phíolótacha ar Sheirbhísí um Cheartas Íocshláinteach), bheartaigh an Coimisiún nach mbeadh sé cuí tabhairt faoina thuilleadh taighde sa réimse seo faoin Dara Clár ach tá an t-ábhar seo curtha aige sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

Maidir le marú corparáideach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Mharú Corparáideach* (LRC 77-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach* (LRC CP 26-2003).

Faoi phionóis do mhionchionta, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Phionóis do Mhionchionta* (LRC 69-2003), a lean a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Phionóis do Mhionchionta* (LRC CP 18-2002). Freisin, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Innéacsú Fineálacha: Athbhreithniú ar Fhorbairtí* (LRC 65-2002).

5. DLÍ CÁNACH

5.1 Tagairt don cheannteideal, Dlí Cánach

Ag eascairt as iarratas ón Ard-Aighne, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Chánach* (LRC 72-2004), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Chánach* (LRC CP 24-2003)

6. DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACADH

Faoin gceannteideal Maoin Réadach agus Maoin Phearsanta, d'aithin an Dara Clár ceithre réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú.

- Dlí na nIonntaobhas lena n-áirítear Dlí Carthanais.
- Dlí Comharbais.
- An Dlí i dtaca le hllaonad.
- Leanfaidh an Coimisiún lena athbhreithniú ginearálta ar dhlí talún agus tíolactha le cúnaimh a shain-Ghrúpa Oibre seasta.

6.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin teideal, Dlí Talún agus Tíolacadh. ng

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tús le tionscadail faoi thrí cinn den cheithre réimse. Astu sin, tháinig eachtraí ó 2000 roimh an réimse dlí comharbais agus bheartaigh an Coimisiún dá bhrí sin gan tús a chur le tionscadal faoin gceannteideal sin.

6.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannnteideal, Dlí Talún agus Tíolacadh

Maidir le dlí na n-iontaobhas lena n-áirítear dlí na gcarthanas, d'foilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar iontaobhais Charthanas agus Struchtúir Dhlíthiúla do Chartanais* (LRC 20-2006), inar corpraíodh a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhlí iontaobhas Carthanas: Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005) agus a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Chartanais* (LRC CP 38-2005). Freisin d'foilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí iontaobhas: Moltaí Ginearálta* (LRC CP 35-2005) agus foilseoidh sé a Thuarascáil ar sin i 2008.

Faoin dhlí comharbais, bhí sé ar intinn ag an gCoimisiún gnéithe de dhlí idirnáisiúnta príobháideach i dtaca le dlí comharbais a scrúdú, ach bheartaigh sé nach mbeadh sé cuí dul ar aghaidh leis an tionscadal sin ó tharla go bhfuil féidearthacht ann go nglacfar le Rialachán AE sa réimse seo ('An Bhruiséil IV').

Maidir leis an dlí i dtaca le hllaonad, d'foilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Fhorbairtí Ilaonad* (LRC 90-2008), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Fhobairtí Ilaonad* (LRC CP 42-2006).

Sa chomhthéacs go bhfuil sé meáite ar leanúint lena athbhreithniú ginearálta ar dhlí talún agus tíolactha le cúnamh a shain-Ghrúpa Oibre seasta:

- D'foilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC 74-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC CP 34-2004). Rinneadh é sin mar chuid de Chomhthionscadal leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tar éis a foilsithe, agus le comhaontú an Ard-Aighne, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ar an gCoimisiún leanúint air le tuilleadh oibre ar dhréachtú Bhille an Rialtais, an *Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006*, agus bhí an Coimisiún lánsásta aontú leis an gcur chuige nuálaíoch seo.
- Thóg Tuarascáil 2005 ar agus chorpraigh sí obair a bhí déanta ag an gCoimisiún roimhe sin sa réimse seo, lena n-áirítear *Tuarascáil ar an Riail i gcoinne Suthaineachtaí agus Rialacha Gaolmhara* (LRC 62-2000), *Tuarascáil ar Athrú iontaobhas* (LRC 63-2000), *Tuarascáil ar Éasúintí agus Brabúis á Prendre a Fháil trí Rúradh* (LRC 66-2002), *Tuarascáil ar Theideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh* (LRC 67-2002), *Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (7) Cúnaint Dhearfa ar Thalamh Ruilse agus Moltaí eile* (LRC 70-2003) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais* (LRC CP 30-2004)
- Bhí an Coimisiún gafa freisin le tionscadail ghaolmhara ar dhlí um thiarnaí talún agus tionóntaí, as ar tháinig foilsiú *Tuarascála ar an Dlí um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí* (LRC 85-2007), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Thiontachtaí Gnó* (LRC CP 21-2003) agus óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Ginearálta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí* (LRC CP 28-2003).

7. GRÚPAÍ SOGHONTA AGUS AN DLÍ

Faoin gceannnteideal seo, d'aithin an Dara Clár dhá réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú:

- An dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil dhaoine scothaosta agus iad ag aistriú shócmhainní agus 'réamhthreoracha cúraim'.

- An dlí a bhaineann le daoine le míchumais fhisiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna inniúlachta, caomhnóireachta agus ceart pósta.

7.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Grúpaí Soghonta agus an Dlí
Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tionscadail i gcrích faoin dá réimse.

7.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Grúpaí Soghonta agus an Dlí

Maidir leis an dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil dhaoine scothaosta agus iad ag aistriú shócmhainní agus 'réamhthreoracha cúraim' d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí* (LRC 83-2006), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta* (LRC CP 23-2003). Chorpraig an Tuarascáil freisin an t-ábhar sa *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht* (LRC CP 37-2005), ag plé leis an dara réimse faoin gceannteideal seo, thíos.

Faoin dlí a bhaineann le daoine le míchumais fhisiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna inniúlachta, caomhnóireachta agus ceart pósta, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí* (LRC 83-2006) a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht* (LRC CP 37-2005). Chorpraig an Tuarascáil freisin ábhar sa *Pháipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta* (LRC CP 23-2003), ag plé leis an gcéad réimse faoin ceannteideal seo, thuas.

8. DLÍ TEAGHLAIGH

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár dhá réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú:

- Dlí Uchtála – athbhreithniú ginearálta
- Cearta agus dualgais chomchónaitheoirí

8.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Teaghlaigh

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún críoch lena thionscadal ar chomhchónaitheoirí.

8.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Teaghlaigh

Maidir le dlí uchtála – athbhreithniú ginearálta, tháinig athbhreithniú ginearálta ar dhlí uchtála ag an Roinn Sláinte agus Leanaí ina áit seo, agus mar thoradh ar sin foilsíodh i 2005 *Reachtaíocht Uchtála: Comhairliúchán agus Moltaí d'Athruithe* 2003, as a dtiocfaidh *Bille Uchtála 2008*. Sa chomhthéacs sin, níor mheas an Coimisiún go mbeadh sé cuí gabháil do athbhreithniú ginearálta ar an dlí.

Mar fhreagra ar iarratas sonrath ón Ard-Aighne, i 2008 d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Ghnéithe d'Uchtáil Idir Thíortha* (LRC 89-2008), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Ghnéithe d'Uchtáil Idir Thíortha* (LRC CP 43-2007).

Ceartha agus dualgais chomhchónaitheoirí. I dtaca le ceartha agus dualgais chomhchónaitheoirí, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil maidir le Ceartha agus Dualgais Chomhchónaitheoirí* (LRC 82-2006), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin maidir le Ceartha agus Dualgais Chomhchónaitheoirí* (LRC CP 32-2004).

9. DLÍ TRÁCHTÁLA AGUS DLÍ NA N-OIBLEAGÁIDÍ

Faoi cheithre cheannteideal, Dlí na nOibleagáidí, Dlí Tráchtála, Dlí Ceartha Sibhialta agus an Dlí agus an tSochaí Faisnéise, d'aithin an Dara Clár 6 réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú:

- Dlí na dTortanna: gnéithe de dhlí an chúitimh ar dhíobhálacha pearsanta.
- Dlí Conartha: ionpháirteacht i gconradh agus ceartha tríú páirtithe.
- Ag cur san áireamh moladh an Rialtais Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta a bhunú, déanfar athbhreithniú agus scrúdú ar cheisteanna reatha a eascraíonn i réimse an dlí tráchtála, mar is cuí.
- Eisceachtaí ón bprionsabal *nemo dat quod non habet* ar aistriú teidil chun earraí.
- Dlí na príobháideachta: (i) príobháideacht agus dlí na rúndachta; (ii) príobháideacht i gcomhthéacs an chórais cheartais choiriúil: fad saoil taifead coiriúil agus cur cionta áirithe as an taifead; (iii) príobháideacht i gcomhthéacsanna institiúideacha áirithe: an t-ionad oibre, an córas cúraim sláinte; na príosúin.
- Tráchtáil leictreonach agus an tIdirlíon, mar is cuí ag féachaint do ghíomhaíochtaí atá ar bun nó le bheith ar bun ag Ranna Rialtais agus go háirithe: (i) príobháideacht ar an idirlíon agus criptiú; (ii) dliteanas sholáthróirí seirbhísí.

9.1 Tagairt ghinearálta do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Faoin gceannteideal seo chuir an Coimisiún tús nó críoch le tionscadail faoi 5 cinn den 6 réimse seo. I taca leis an bprionsabal *nemo dat quod non habet* ar aistriú teidil chun earraí, tháinig forbairtí ó 2000 chun tosaigh ar an réimse seo, rud atá pléite thíos.

9.2 Tagairtí mionsonraithe do chur i gcrích réimsí faoin gceannteideal, Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Maidir le dlí na dtortanna: gnéithe de dhlí an chúitimh ar dhíobhálacha pearsanta, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha* (LRC 60-2000). Freisin d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí* (LRC 68-2002), a d'eascair as iarratas ar an gCoimisiún ón Ard-Aighne. I 2007 d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Sibhialta 'Samárach Maith' agus Saorálach* (LRC CP 47-2007), a d'eascair freisin as iarratas ón Ard-Aighne. Foilseoidh an Coimisiún *Tuarascáil* ar an gceist seo i 2008.

Maidir le dlí conartha: ionpháirteacht i gconradh agus ceartha tríú páirtithe, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Ionpháirteacht i gConradh agus Ceartha Tríú Páirtithe* (LRC 88-2008), a lean a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Ionpháirteacht i gConradh: Ceartha Tríú Páirtithe* (LRC CP 40-2006).

Maidir leis an ngealltanas athbhreithniú agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna reatha a eascraíonn i réimse an dlí tráchtála (ag cur san áireamh moladh an Rialtais Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí a bhunú), nótálann an Coimisiún gur bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG) faoin *Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001* agus gur fhoilsigh sé dréacht-Scéim do *Bhille Comhdhlúite Cuideachtaí i 2007*. Chuir an Coimisiún roinnt aighneachtaí faoi bhráid an CLRG, mar shampla, ar an struchtúr dlíthiúil cuí do charthanais agus cuideachtaí faoi úinéireacht bhainistíochta (féach an ceannteideal Dlí Talún thuas). Nótálann an Coimisiún freisin sa chomhthéacs seo gur bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí: féach thíos.

I dtaca le heisceachtaí ón bprionsabal *nemo dat quod non habet* ar aistriú teidil chun earraí, nótálann an Coimisiún gur phléigh an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001* cheana le gné amháin de seo, agus go bhfuil athbhreithniú ginearálta den dlí díol earraí molta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i gcomhthéacs bhunú na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí i 2007. Bheartaigh an Coimisiún dá bhrí sin nach mbeadh tuilleadh oibre sa réimse seo cuí.

Maidir le tráchtáil leictreonach agus an tIdirlíon, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar ríomhThíolacadh: Samhaltú Chórais Tíolactha na hÉireann* (LRC 79-2006), agus tá sé gafa leis an gcéad chéim eile den tionscadal – forbairt léarscáile bóithre do ríomhThíolacadh in Éirinn – i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Táthar tar éis é sin a chorprú sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

Faoi dhlí na príobháideachta (lena n-áirítear príobháideacht i gcomhthéacs an chórais cheartais choiriúil: fad saoil taifead coiriúil agus cur cionta áirithe as an taifead), i 2007 d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Chiontuithé Spionta* (LRC 84-2007), ag leanúint ón bplé ar seo sa *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte* (LRC CP 31-2004). Táthar tar éis dlí na príobháideachta a chorprú freisin sa *Tríú Clár Athchóirithe Dlí*.

CAIBIDIL 6

RIARACHÁN

RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo cuireann an Coimisiún síos ar na gnéithe riaracháin dá chuid oibre. Díríonn sé ar na socruithe agus tacaí riachtanacha riaracháin a chinntíonn gur féidir clár taighde an Choimisiúin a chur i gcrích. Tá struchtúr reatha an Choimisiúin leagtha amach in Aguisín E.

COIMISIÚN

Uachtarán agus ceathrar Coimisinéirí atá ar an gCoimisiún. Is iad an Rialtas a cheapann na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le cúig bliana, agus féadfar a gceapacháin a athnuachaint. Ar an gCoimisiún reatha tá beirt Choimisinéirí lánaimseartha agus triúr Choimisinéirí páirtaimseartha. Tá Uachtarán an Choimisiúin, an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, iarbhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, ar dhuine de na Coimisinéirí lánaimseartha. Is aturnae í an Coimisinéir lánaimseartha eile, Patricia Rickard-Clarke, a bhí go dtí a ceapachán, ina comhpháirtí le McCann Fitzgerald, Aturnaetha. Is iad seo a leanas an triúr Coimisinéirí páirtaimseartha: an tOllamh Finbarr McAuley, Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath; Marian Shanley, Aturnae, Comhalta den Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú; agus Donal O'Donnell, Abhcóide Sinsearach.

Cinneann an Coimisiún ar ábhar an chláir athchóirithe dlí agus beartaíonn sé ábhar aschuir taighde an Choimisiúin (mar a bhíonn sna Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha). Déanann an Coimisiún maoirseacht freisin ar phleanáil, bainistíocht agus forfheidhmiú na dtionscadal Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta. Déanann an Coimisiún na heochairchinntí riaracháin agus airgeadais ar fad. Buaileann na Coimisinéirí le chéile go foirmiúil mar chomhlacht ar a laghad uair sa mhí. Lena chois sin, buaileann a chuid ball le chéile go minic agus bíonn siad i gcumarsáid agus i gcomhairle leanúnach lena chéile agus le foireann an Choimisiúin.

COISTE BAINISTÍOCHTA

Tá Coiste Bainistíochta inmheánach ag an gCoimisiún a dhéanann maoirseacht ar athbhreithniú leanúnach ar shocruithe riaracháin. Ar an gCoiste tá Uachtarán an Choimisiúin, an Coimisinéir lánaimseartha, an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir Tionscadail Athráitis agus an Bainisteoir Tionscadail Eolaire Reachtaíochta. Buaileann an Coiste Bainistíochta le chéile ar bhonn rialta chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar riarachán ginearálta an Choimisiúin. Ar cheann de phríomhfhreagrachtaí an Choiste tá monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna a bhíonn leagtha síos sa Phlean Gnó Bliantúil.

FOIREANN RIARACHÁIN

Ar fhoireann riaracháin an Choimisiúin tá an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin agus meitheal naonúr foirne. I rith 2007 cheadaigh an Roinn Airgeadais, mar aitheantas ar ualach oibre an Choimisiúin a bheith ag méadú, post Ardoifigeach Feidhmiúcháin breise, trí phost Oifigeach

Feidhmiúcháin breise agus post Oifigeach Cléireachais. Tá na poist seo dáilithe ar roinnt réimsí lena n-áirítear tacaíocht riaracháin a sholáthar don Mheitheal Taighde, an tionscadal Athráitis agus an tionscadal Eolaire Reachtaíochta. Tá sochar faighte freisin ag an Aonad Airgeadais agus an Aonad um Bainistiú Athruithe ó dháileadh acmhainní breise.

Tá freagracht fhoriomlán ar an Aonad Riaracháin as tascanna riaracháin a chomhlíonadh ó lá go lá laistigh den Choimisiún. Tá an tAonad freagrach go háirithe as:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú a dhéanamh ar gach idirbheart airgeadais sa Choimisiún. Áirítear leis sin feidhm phárolla an Choimisiúin a bhainistiú.
- Foirgnimh agus infreastruchtúr IT an Choimisiúin a bhainistiú
- Feidhm acmhainne daonna an Choimisiúin a bhainistiú
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar do fheidhm thaighde an Choimisiúin
- Feidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh i dtaca le seimineáir, comhdhálacha bliantúla, seoladh foilseachán agus priondál Tuarascálacha agus Páipéar Comhairliúcháin

Is iad an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin agus baill eile den aonad riaracháin a chuireann na feidhmeanna seo i bhfeidhm, agus iad ag gníomhú faoi stiúir an Choimisiúin.

Dob fhiú €3,567,200 an Deontas-I-gCabhair do 2007 arna cheadú ag an Aire Airgeadais ar mholadh an Ard-Aighne. Bhí caiteachas €2,889,769 ar an gCoimisiún i 2007. Fuair an Coimisiún íocaíochtaí eile freisin arbh fhiú €22,431 iad i 2007. Tháinig na h-íocaíochtaí sin as díol foilseachán agus as airgead a fuarthas ó Chiste um Bainistiú Athruithe an Rialtais.

De bharr na bhfreagrachtaí breise a bhain leis na tionscadail Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta agus an méadú ar líon na foirne dá thoradh i rith 2007 bhí gá le cóiríocht shealadach. Fuarthas cóiríocht shealadach ar Bhóthar Mespil agus lonnaíodh foireann ann go dtí Eanáir 2008 nuair a bhí cóiríocht ar fáil i gceanncheathrú an Choimisiúin ar Bhóthar Shelbourne. Leathnaíodh Líonra IT an Choimisiúin chun soláthar a dhéanamh do na húsáideoirí breise. Cuireadh le cumas agus acmhainn an Líonra freisin chun soláthar a dhéanamh do na tionscadail Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta. Leanfar leis an obair sin i 2008.

Cuireann an tAonad Riaracháin tacaíocht ar fáil don fheidhm thaighde laistigh den Choimisiún. Is é a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth ná socrú a dhéanamh do priontáil agus dáileadh fhoilseacháin an Choimisiúin agus pleanáil agus eagrú na dtascanna éagsúla a bhaineann le seoladh fhoilseacháin an Choimisiúin. I 2007 bhí naoi bhfoilseachán mar atá sonraithe i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo. Bhí an tAonadh Riaracháin ag plé freisin le hullmhú seoltaí, seimineáir agus an Chomhdháil Bhliantúil.

Chuidigh an tAonadh Riaracháin agus bhí sé páirteach i bhforbairt fheidhmiúlacht theimpléid fhoilseacháin an Choimisiúin, agus i dtabhairt isteach a shiombail/aitheantas corparáideach nua. Tabharfar an teimpléad foilseacháin nua isteach i 2008. Beidh an dearadh nua le feiceáil ar dhoiciméadú an Choimisiúin i 2008.

FOIREANN THAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

Is é an príomhról atá ag foireann thaighde an Choimisiúin ná dréacht-théacsanna a fhorbairt le meas ag an gCoimisiún chun go mbeadh ar a chumas a Chlár Rollach Oibre a chur i gcrích. San áireamh anseo bheadh ullmhú Pháipéir Scópála tosaigh don tionscadal, a leagfadh amach paraiméadair na réimsí faoi chaibidil. Níos déanaí sa tionscadal bheadh sé i gceist forbairt a dhéanamh ar Pháipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil agus, sa chás go measfadh an Coimisiún é a bheith cuí, Páipéar Seimineáir. Déanann an Stiúrthóir Taighde bainistiú ar mheitheal de dheichniúr Taighdeoirí agus iad ag comhlíonadh na dtascanna sin.

Cuirtear foireann thaighde ar fáil freisin d'obair ar na tionscadail Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta. Tá gach ceann den dá thionscadal á bhainistiú ag Bainisteoir Tionscadail a oibríonn le roinnt Taighdeoirí.

Taighde-Athchóiriú Dlí

Tá an mheitheal thaighde faoi cheannas an Stiúrthóra Taighde agus tuairiscíonn an fhoireann thaighde go díreach chuige. Is é an tUasal Raymond Byrne, a bhíodh sa Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Átha Cliath, an Stiúrthóir Taighde faoi láthair. I rith 2007, bhí údarás ag an gCoimisiún 10 Taighdeoirí Dlíthiúil lánaimseartha a fhostú chun a chur ar a chumas a Chlár Rollach Oibre a chur i gcrích. Oibríonn an deichniúr Taighdeoirí sin leis an Stiúrthóir Taighde chun seachadadh a dhéanamh ar na tionscadail thaighde éagsúla atá sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014. D'fhéadfaí an mheitheal thaighde a chur ag obair freisin ar tharchuir ón Ard-Aighne. Fruilítear Taighdeoirí ar chonarthaí bliana de ghnáth, agus d'fhéadfaí iad a athnuachaint. O am go chéile, téann an Coimisiún i gcomhairle freisin le saineolaithe seachtracha do thionscadail ar leith. D'fhéadfaidh an Coimisiún Grúpaí Oibre a chur ar bun freisin, a bhuaileadh lena chéile ar bhonn rialta le linn shaolré tionscadail ar leith. Bunaítear grúpaí ad hoc freisin, a bhuaileann lena chéile ó am go chéile, le dul i gcomhairle leo ar thopaicí ar leith (féach Aguisín B).

Is í feidhm an Stiúrthóra Taighde meithleacha taighde a threorú agus a bhainistiú, agus comhairle agus cúnamh a thabhairt go ginearálta do na taighdeoirí féachaint le haschur agus caighdeán oibre cuí a chinntiú. Áirítear leis seo obair ghinearálta thaighde cúlra a dhéanamh, plépháipéir a ullmhú, dréachtdhoiciméid, dréacht-Pháipéir Chomhairliúcháin agus dréacht-Thuarascálacha a ullmhú le meas ag an gCoimisiún. Reachtálann an Stiúrthóir roinnt seimineáir i rith na bliana do na taighdeoirí ar réimsí suime ar leith agus buaileann na taighdeoirí lena chéile mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú ar réimsí ar a bhfuil siad ag reachtáil taighde. Freastlaíonn taighdeoirí freisin ar chomhdhálacha ar réimsí ábhartha suime, lena n-áirítear seimineáir eagraithe ag an Ard-Aighne. Spreagtar Taighdeoirí Dlíthiúla freisin le foilsiú in irisleabhair ábhartha dlí le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún lena n-áirítear ailt ag déileáil le réimsí ina bhfuil an taighdeoir gníomhach.

Cuireann an Stiúrthóir Taighde agus an fhoireann tacaíochta dhlíthiúil feasachán míosúil ar fáil freisin a thugann eolas go dáta do na Coimisinéirí maidir le dul chun cinn i dtaca leis na tionscadail éagsúla sa Tríú Clár Athchóirithe Dlí. Tugann an feasachán eolas go dáta freisin i dtaca le haon tarchuir ón Ard-Aighne nach bhfuil curtha i gcrích.

Taighde – Tionscadal Athráitis

Tá an Mheitheal Athráitis faoi cheannas an Bhainisteora Tionscadail, an tUasal Alma Clissman, Aturnae. Tá an Bainisteoir Tionscadail i gceannas ar fhoireann de thriúr Taighdeoirí. Bhí an Bainisteoir Tionscadail gníomhach ag sonrú agus ag soláthar chórais cheapadóireachta chun tacú leis an bpróiseas Athráitis, agus ag cur chun cinn uasghrádú an stóir reachtaíochta ionas go mbeadh an córas ceapadóireachta ábalta é a úsáid. Tá triúr Taighdeoirí faoina cúram atá fostaithe ar na téarmaí agus coinníollacha céanna leis na Taighdeoirí atá ag obair leis an Meitheal Taighde. I gcéimeanna tosaigh an fhiontair Athráitis, dhírigh na Taighdeoirí ar ullmhú an Pháipéir Chomhairliúcháin (LRC CP 45-2007) agus na Tuarascála (LRC 91-2008), ba í an Bainisteoir Tionscadail a stiúraigh agus a chuir an Tuarascáil in eagar. Ag an am céanna thug an Fhoireann Athráitis faoi athráitis phíolótacha ar reachtaíocht ina measc an *tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997*, na *hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003* agus na *hAchtanna um Éilliú a Chosc 1889 go dtí 2005*. Chuidigh an Mheitheal Athráitis freisin le sonrú agus tástáil an chórais cheapadóireachta agus le forbairt caighdeán agus coinbhinsiún Athráitis.

Taighde – Eolaire Reachtaíochta

Bhí an Mheitheal Eolaire Reachtaíochta faoi cheannas an Bhainisteora Tionscadail, an tUasal Deirdre Ahern, Aturnae, i 2007. Tá an Bainisteoir Tionscadail i gceannas ar bheirt Thaighdeoirí. I 2007, scrúdaigh na taighdeoirí atá ag obair ar an tionscadal seo ábhar agus formáid an Eolaire Reachtaíochta agus d'oibrigh siad i dtreo fhoilsiú Pháipéir Chomhairliúcháin. San am atá le teacht, oibreoidh na Taighdeoirí ar nuashonrúcháin a thiomsú don Eolaire Reachtaíochta agus ar Thuarascáil ar an réimse seo.

Leabharlann

Is é an príomhról atá ag leabharlann an Choimisiúin, uirlis nach bhféadfadh an Coimisiún déanamh ina héagmais, ná soláthar a dhéanamh agus freagra a thabhairt ar riachtanais an Choimisiúin agus meithleacha taighde an Choimisiúin i leith seirbhísí leabharlainne agus faisnéise i bpáirt le leabharlanna agus soláthróirí faisnéise eile. Ar fhoireann na leabharlainne tá Bainisteoir/Leabharlannaí Faisnéise Dlíthiúla agus Catalógaí/Cúntóir Leabharlainne. Cuireann baill den Aonad Riaracháin cúnamh ar fáil freisin nuair a bhíonn gá leis.

Oibríonn an Bainisteoir/Leabharlannaí Faisnéise Dlíthiúla i ndlúthchomhairle leis an Mheitheal Taighde agus leis na meithleacha Athráitis agus Eolaire Reachtaíochta chun go mbeadh teacht in am ar acmhainní nua cruachóipe agus leictreonacha.

Scaiptear feasachán inmheánach ar fhorbairtí dlíthiúla reatha, ag díriú ar shealbhuithe nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn sheachtainiúil. Tá cúnamh le fáil ag an mBainisteoir/Leabharlannaí Faisnéise Dlíthiúla ina ról ón gCatalógaí lánaimseartha.

AIRGEADAS

Ioncam agus Caiteachas

Tagann tromlach ioncam an Choimisiúin ón Deontas-I-gCabhair a cheadaíonn an Roinn Airgeadais arna mholadh ag an Ard-Aighne. I 2007 b'fhiú €3,567,000 an Deontas-I-gCabhair. I

2007 fuair an Coimisiún €14,337 freisin ó Chiste um Bainistiú Athruithe an Rialtais. Fuarthas suim €7,094 ó dhíol foilseachán.

Bhí caiteachtas de €2,889,000 ar an gCoimisiún i 2007. Chlúdaigh an caiteachas tuarastail agus ciste pinsin na gCoimisinéirí agus na foirne, cíos agus costais oifige, forchostais, cothabháil leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra IT an Choimisiúin agus costais priontála agus dáileacháin. Níor thabhaigh an Coimisiún aon mhallphionóis úis i rith 2007 faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas 1997*.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Is ar an gCoimisiún atá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Tá cúnaimh ag an gCoimisiún sa ról sin ón gCoiste Bainistíochta, an tAonad Riaracháin, na meithleacha taighde agus foireann na leabharlainne.

Leagann Ráiteas Straitéise an Choimisiúin, a luadh níos luaithe, síos cuspoirí an Choimisiúin thar shaolré an Ráitis. Ag leibhéal na heagraíochta, i gcomhréir leis na cuspoirí sa Ráiteas Straitéise, tá sraith spriocanna atá leagtha amach i Phlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin. Tá spriocanna ráithiúla sa Phlean Gnó faoi gach cuspoir straitéiseach. Tá monatóireacht á dhéanamh ar bhonn rialta ag an gCoiste Bainistíochta ar an dul chun cinn atá déanta i mbaint amach na spriocanna sin agus athbhreithniú foirmiúil gach ráithe.

Déantar bainistiú ar fheidhmíocht ball aonair foirne trí chóras bainistíochta feidhmíochta do bhainisteoirí agus foireann araon. Tá státseirbhísigh faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Don fhoireann eile ar fad tá a chóras bainistíochta feidhmíochta féin ag an gCoimisiún atá faoi chúram an Choimisinéara Rickard-Clarke.

Faoin nós imeachta cuntasaíochta reatha, tarraingítear airgead anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn mhíosúil trí bhíthin Deontais-I-gCabhair. Faigheann an Coimisiún ioncam áirithe freisin ó dhíol foilseachán. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste monatóireacht ar bhonn bliantúil ar rialáil airgeadais inmheánach agus caiteachas an Choimisiúin. Tagann an Coimisiún freisin faoi iniúcadh ag Aonad Iniúchta Inmheánach Oifig an Ard-Aighne.

Coinníonn an Coimisiún clár bhainistíochta riosca a thugtar chun dáta ar bhonn rialta. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar an gclár riosca mar chuid dá athbhreithniú foriomlán ar nósanna imeachta rialála laistigh den Choimisiún.

AGUISÍN A

TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ 2008-2014

TIONSCDAIL ATÁ SAN ÁIREAMH SA TRÍÚ CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ

A. Córas Dlíthiúil agus Dlí Poiblí

1. An Dlí Maidir le Giúiréithe
2. Forfheidhmiú Fiacha agus Urrú Leasanna ar Mhaoin Phearanta
3. Barántais Bhinse agus Barántais Chuardaigh
4. Teorainn le Caingne
5. Réiteach Malartach ar Dhíospoidí
6. Comhdhlúthú agus Athchóiriú ar Achtanna na gCúirteanna

B. Dlí na Fianaise

7. Fianaise Dhoiciméadach agus Teicneolaíocht
8. Clostrácht i gCásanna Sibhialta agus Coiriúla
9. Nochtadh Cásanna Cosanta Roimhré
10. Fianaise Fhóiréinseach
11. Fianaise Shaineolach

C. Dlí Coiriúil

12. Dlí Cionta Gnéasacha
13. An tÍospartach agus an Córas Ceartais Choiriúil
14. Daoine Soghonta agus an Córas Ceartais Choiriúil
15. Ceartas Íocshláinteach
16. Maidir le bunú Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Coiriúil, scrúdú ar cheisteanna ag eascairt sa chuid ghinearálta den dlí coiriúil
17. Dlí Dúnbhásaithe
18. Cosaintí sa Dlí Coiriúil
19. Cionta Neamhfhórásta

D. Dlí Talún agus Maoine

20. Tuilleadh Códaithe Reachtúil ar Dhlí Talún
21. Dlí Iontaobhas agus Tionscadal ar na hAchtanna Talún Socraithe
22. Léarscáil Bhóithre ríomhThíolacadh

E. Dlí Teaghlaigh

23. Gnéithe Dlíthiúla de Ghaoil Theaghlaigh
24. Foréigean Baile
25. Dlí Neamhnaithe sa 21ú Aois

F. Grúpaí Sonracha i Sochaí atá ag Athrú

26. Leanaí agus an Dlí
27. Aitheantas Inscne
28. Gnéithe Dlíthiúla de Dhaoine Nua agus Daoine atá ag Teacht Chun Cinn i Sochaí na hÉireann (Nósanna Imeachta Athaontuithe agus Saoránacht)
29. Gnéithe Dlíthiúla de Chúramóirí

G. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair

30. Gnéithe Dlíthiúla de Bhitheitic
31. Gnéithe Dlíthiúla de Atáirgeadh Daonna Cuidithe
32. Príobháideacht

H. Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

33. Dírathú Conarthaí
34. Conarthaí Árachais
35. Damáistí i nDlí Conartha agus Torta

I. Dlí Idirnáisiúnta

36. Stádas Dlí Idirnáisiúnta i nDlí Intíre na hÉireann
37. Gnéite Dlí Sibhialta den Dlí ar Dhaoine ar Iarraidh

AGUISÍN B

GRÚPAÍ OIBRE

Mar a nótáladh i gCaibidil 1, faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, féadfaidh an Coimisiún Grúpaí Oibre a bhunú chun réimsí ar leith den dlí a scrúdú. Chomh maith leis na Grúpaí Oibre a bhuaileann lena chéile ar bhonn rialta i rith shaolré thionscadail ar leith, tá grúpaí *ad hoc* bunaithe ag an gCoimisiún freisin (a bhuaileann lena chéile ó am go chéile) le dul i gcomhairle leo ar thopaicí ar leith

GRÚPA OIBRE AR AN DLÍ UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ

I 2001, thionscain an Coimisiún mórthionscadal taighde ar an Dlí um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí féachaint le moltaí a dhéanamh d'athchóiriú lena n-áireofaí moltaí do chomhdhlúthú na reachtaíochta um thiarnaí talún agus tionóntaí mar atá sé, dréacht-Bhille san áireamh. Tá an tOllamh John Wylie i gceannas ar na tionscadail a bhfuil an Grúpa Oibre seo ina mbun. Ar bhail an Ghrúpa Oibre tá cleachtóirí le seantaithí agus ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Baill den Ghrúpa Oibre ar an Dlí Um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí

An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán

An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke (Tionólaí)

An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)

An tUasal John F Buckley, Aturnae agus iar-Bhreitheamh Cúirte Cuarda

An tUasal Ruth Cannon, Abhcóide

An tUasal James Dwyer, Abhcóide Sinsearach

An tUasal Patrick Fagan, Aturnae

An tUasal Ernest B Farrell, Aturnae

An tUasal Colin Keane, Aturnae

An tUasal Michael McGrath, Abhcóide Sinsearach

An tUasal Gavin Ralston, Abhcóide Sinsearach

An tUasal Regina Terry, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus

Athchóirithe Dlí

An tUasal An tUasal John Walsh, Aturnae

Tháinig Áine Clancy in áit Aoife McCarthy mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2007.

GRÚPA *AD HOC* AR CHOIMPLÉISC ÁRASÁN AGUS FORBAIRTÍ ILAONAD

I rith na bliana bhunaigh an Coimisiún Grúpa *Ad Hoc* chun cuidiú lena bhreithniú ar cheist Coimpléasc Árasán agus Forbairtí Ilaonad.

Baill an Ghrúpa *Ad Hoc* ar Choimpléisc Árasán agus Forbairtí Ilaonads

An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán

An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke

An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)

An tUasal Sheena M Beale, Aturnae

An tUasal Vivienne Bradley, Aturnae

An tUasal Marjorie Murphy, Aturnae

An tUasal Jerry Sheehan, Aturnae

Tháinig Áine Clancy in áit Aoife McCarthy mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2007.

GRÚPA OIBRE AR CHOMHDHLÚTHÚ AGUS ATHCHÓIRIÚ ACHTANNA NA GCÚIRTEANNA

I mí na Samhna 2005, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Oibre ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna. Is comhthionscadal é seo idir an Coimisiún, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna.

Baill an Ghrúpa Oibre ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achtanna na gCúirteanna

An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán

An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke

An tUasal Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde

An tUasal Robert Browne, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tUasal John Cronin, Príomhoifigeach, Rannán Polasaí Cúirteanna, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tOllamh Hilary Delargy, Scoil an Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Breitheamh Uasal Hugh Geoghegan, Breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí

An tUasal Benedict Ó Floinn, Abhcóide

An tUasal Noel Rubotham, Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha An tSeirbhís Chúirteanna
Bhí Claire Bruton ina Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2007.

AGUISÍN C

COMHDHÁLACHA AGUS CUAIRTEANNA

Mar atá pléite i gCaibidil 1, bíonn Coimisinéirí ag freastal ar agus ag glacadh páirt go rialta i seimineáir agus comhdhálacha poiblí maidir le réimsí taighde ag baint leis an Dara Clár agus Clár Rollach Oibre an Choimisiúin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuartheanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile a eagrú. Seo a leanas *roinnt* de na comhdhálacha- agus caibidlí seachtracha eile a bhí ar bun - a ndearna Coimisinéirí agus taighdeoirí freastal orthu i rith 2007. Ina lán cásanna, cuireadh páipéir i láthair maidir le hobair an Choimisiúin.

- 18 Eanáir** (London) Visit to Office of Public Sector Information (OPSI) to discuss the compilation of chronological tables of legislative effects, and the experience of OPSI with the authoring of, proofing and publication of secondary legislation.
- 18 Eanáir** (Londain) Cuairt ar an Office of Public Sector Information (OPSI) chun plé a dhéanamh ar thiomsú táblaí croineolaíoch a d'éifeachtaí reachtúla, agus ar thaithí OPSI le ceapadh, promhadh agus foilsiú reachtaíochta tánaistí.
- 25 Eanáir** (Baile Átha Cliath) Comhdháil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar Fhobairtí Ilaonad.
- 27 Eanáir** (Baile Átha Cliath) Rialacha Nua do na hÉireannaigh - An Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint.
- 7 Feabhra** (Baile Átha Cliath) Dlí-Chumann na hÉireann (Clár CPD) Ag Gníomhú don Chliant Soghonta. (Cur i láthair tugtha ag Coimisinéir lánaimseartha.)
- 27 Feabhra** (Baile Átha Cliath) Cumann Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath. Seimineár ar an mBille Dlí Talún agus Tíolactha 2006. (Cur i láthair tugtha ag Coimisinéir lánaimseartha.)
- 26 Márta** Gaillimh OÉG) Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Seimineár ar an Trú Clár.
- 3-5 Aibreán** (Kent) Socio-Legal Studies Association (SLSA). Comhdháil 2007. (Páipéar curtha i láthair ag David Prendergast, Taighdeoir ar "Dliteanas Neamhforásta agus Glóiriú Sceimhlitheoireachta".)
- 30 Aibreán** (Corcaigh) Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Seimineár.
- 8 Bealtaine** (Baile Átha Cliath) Cumann Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath. Seimineár ar Fhorbairtí Ilaonad. (Cur i láthair tugtha ag Coimisinéir lánaimseartha.)
- 18 Bealtaine** (Baile Átha Cliath) STEP Comhdháil Bhliantúil ar Dlí Iontaobhas: An Clár Oibre Athchóirithe. (Cur i láthair tugtha ag Coimisinéir lánaimseartha.)

- 13 Meitheamh** (Baile Átha Cliath) Tríú Clár Athchóirithe DLí. Cur i láthair. (Tugtha ag Lár-ionad DLí Bhaile Munna).
- 28 Meitheamh** (Padua, An Iodáil) Acadamh Idirnáisiúnta DLí agus Meabhairshláinte. Comhdháil ar Mheabhairshláinte. (Cur i láthair tugtha ag Coimisinéir lánaimseartha)
- 2-3 Iúil** (Londain) Collóiciam ar Cheisteanna DLíthiúla Reatha: DLí agus Bitheitic
- 10-13 Meán Fómhair** (Durham). Society of Legal Scholars. Comhdháil Bhliantúil 2007.
- 5-6 Meán Fómhair** (Baile Átha Cliath). Comhdháil Coireolaíochta Bhliantúil Thuaidh-Theas.
- 26-28 Meán Fómhair** (Baile Átha Cliath) Ag Clárú an Domhain. Comhdháil eagraithe ag Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann.
- 16 Samhain** (Béal Feirste) Cruinniú leis an Oifig Foilseachán Reachtúil chun oibriú Tháblaí Croineolaíochta Reachtanna Thuaisceart Éireann a phlé.
- 23 Samhain** (Trá Lí). Foiréigean in aghaidh Mná: An Choir, Comhthéacsanna agus Ábhair Imní.
- 12 Nollaig** (Ard Mhacha) Dúshlán Ceannaireachta Earnála Poiblí na Comhghuaillíochta Thuaidh Theas Hay Consultants.
- 17 Nollaig** (Baile Átha Cliath) Cruinniú den Ghrúpa Oibre ríomh-Reachtaíochta.
- 20 Nollaig** (Baile Átha Cliath) An Roinn DLí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe DLí. Faisnéisiú ar ríomhThíolacadh do Ranna Rialtais. (Cur i láthair tugtha ag Coimisinéir lánaimseartha).

AGUISÍN D

LIOSTA D'FHOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ DLÍ

An Chéad Chlár chun Brainsí Áirithe den Dlí a Scrúdú D'fhonn iad a Athchóiriú
(Nollaig 1976) (Prl 5984)

Páipéar Oibre Uimh 1-1977, An Dlí Maidir le Dlíteanas Tógálaithe, Díoltóirí agus Léasóirí i leith Caighdeán agus Feiliúnacht Áitreabh *(Meitheamh 1977)*

Páipéar Oibre Uimh 2-1977, An Dlí Maidir le Lánaois, Aois le Pósadh agus Roinnt Ábhar Gaolmhar *(Samhain 1977)*

Páipéar Oibre Uimh 3-1977, Dlíteanas Sibhialta i leith Ainmhithe *(Samhain 1977)*

An Chéad Thuarascáil *(Bhliantúil) (1977) (Prl 6961)*

Páipéar Oibre Uimh 4-1978, An Dlí Maidir le Sárú Gealltanais Pósta *(Samhain 1978)*

Páipéar Oibre Uimh 5-1978, An Dlí Maidir le Caidreamh Collaí agus Mealladh agus Tearmannú Céile *(Nollaig 1978)*

Páipéar Oibre Uimh 6-1979, An Dlí Maidir le Meabhlú agus Mealladh agus Tearmannú Linbh *(Feabhra 1979)*

Páipéar Oibre Uimh 7-1979 An Dlí Maidir le Cailliúint Caidrimh Céile agus Cailliúint Seirbhísí Linbh *(Márta 1979)*

Páipéar Oibre Uimh 8-1979, Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghníomh Riaracháin: Fadhb na Leigheasanna *(Nollaig 1979)*

An Dara Thuarascáil *(Bhliantúil) (1978/79) (Prl 8855)*

Páipéar Oibre Uimh 9-1980 An Riail in Aghaidh Clostrácha *(Aibreán 1980)*

An Tríú Thuarascáil *(Bhliantúil) (1980) (Prl 9733)*

An Chéad Thuairisc ar Dlí Teaghlaigh – Caidreamh Collaí, Meabhlú agus Tearmannú Céile nó Linbh, Cailliúint Caidreamh Céile, Díobháil Phearsanta do Leanbh, Meabhlú Linbh, Maoin Phósta agus Sárú Gealltanais Phósta *(LRC 1-1981) (Márta 1981)*

Páipéar Oibre Uimh 10-1981 Sainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe *(Meán Fómhair 1981)*

An Ceathrú Thuarascáil *(Bhliantúil) (1981) (Pl 742)*

Tuarascáil ar Dhlíteanas Sibhialta i leith Ainmhithe *(LRC 2-1982) (Bealtaine 1982)*

Tuarascáil ar Áitribh Lochtacha *(LRC 3-1982) (Bealtaine 1982)*

Tuarascáil ar Neamhdhlisteanacht *(LRC 4-1982) (Meán Fómhair 1982)*

An Cúigiú Thuarascáil *(Bhliantúil) (1982) (Pl 1795)*

Tuarascáil ar Lánaois, Aois Phósta agus Roinnt Ábhar Nasctha *(LRC 5-1983) (Aibreán 1983)*

Tuarascáil ar Aiseag Cearta an Phósta, agus Ábhair Ghaolmhara *(LRC 6-1983) (Samhain 1983)*

Tuarascáil ar Shainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe *(LRC 7-1983) (Nollaig 1983)*

Tuarascáil ar Cholscaradh agus Abhair Ghaolmhara *(LRC 8-1983) (Nollaig 1983)*

An Séú Thuarascáil *(Bhliantúil) (1983) (Pl 2622)*

Tuarascáil ar Neamhniú Pósta *(LRC 9-1984) (Deireadh Fómhair 1984)*

Páipéar Oibre Uimh 11-1984 Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eachtracha
(Deireadh Fómhair 1984)

An Seachtú Tuarascáil *(Bhliantúil) (1984) (Pl 3313)*

Tuarascáil ar Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eachtracha *(LRC 10-1985)*
(Aibreán 1985)

Tuarascáil ar Fhuaidireacht agus Cionta Gaolmhara *(LRC 11-1985) (Meitheamh 1985)*

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Ghnéithe Sibhialta de Fhuadach Leanbh Idirnáisiúnta agus Roinnt Ábhar Gaolmhar *(LRC 12-1985) (Meitheamh 1985)*

Tuarascáil ar Inniúlacht agus Inordaitheacht Céilí mar Fhinnéithe *(LRC 13-1985) (Iúil 1985)*

Tuarascáil ar Chionta faoi Achtanna Póilíní Bhaile Átha Cliath agus Cionta Gaolmhara *(LRC 14-1985) (Iúil 1985)*

Tuarascáil ar Chonarthaí Mionaoiseach *(LRC 15-1985) (Lúnasa 1985)*

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Fhianaise a Thógáil Thar Lear i gCúrsaí Sibhialta nó Tráchtála *(LRC 16-1985) (Lúnasa 1985)*

Tuarascáil ar Dhliteanas Mionaoiseach i dTort agus Dlíteanas Tuismitheoirí as Damáiste Déanta ag Mionaoisigh *(LRC 17-1985) (Meán Fómhair 1985)*

Tuarascáil ar Dhliteanas Dhaoine le Míchumas Intinne i dTort *(LRC 18-1985)*
(Meán Fómhair 1985)

Tuarascáil ar Ghnéithe Dlí Idirnáisiúnta d’Inniúlacht Phósta agus Rogha Dlí in Imeachtaí Neamhnithe Pósta *(LRC 19-1985) (Deireadh Fómhair 1985)*

Tuarascáil ar Dhlínse in Imeachtaí Neamhnithe Pósta, Aitheantas d’Fhóraithní Eachtracha Neamhnithe Pósta, agus Coinbhinsiún na Háige ar Cheiliúradh agus Aitheantas do Bhailíocht Póstaí *(LRC 20-1985) (Deireadh Fómhair 1985)*

An tOchtú Tuarascáil *(Bhliantúil) (1985) (Pl 4281)*

Tuarascáil ar Reach na dTréimhsí: Éilimh i Leith Díobhálacha Neamhfholasa Pearsanta *(LRC 21-1987) (Meán Fómhair 1987)*

Páipéar Comhairliúcháin ar Eigniú *(Nollaig 1987)*

Tuarascáil ar Sheirbheáil Doiciméad Thar Lear re Imeachtaí Sibhialta – Coinbhinsiún na Háige *(LRC 22-1987) (Nollaig 1987)*

Tuarascáil ar Ghlacadh Maoine Goidte *(LRC 23-1987) (Nollaig 1987)*

An Naoú Tuarascáil *(Bhliantúil) (1986-1987) (Pl 5625)*

Tuarascáil ar Éigniú agus Cionta Bainteacha *(LRC 24-1988) (Bealtaine 1988)*

Tuarascáil ar an Riail in Aghaidh Clostráichta i gCásanna Sibhialta *(LRC 25-1988) (Meán Fómhair 1988)*

Tuarascáil ar Dhamáiste Mailíseach *(LRC 26-1988) (Meán Fómhair 1988)*

Tuarascáil ar Bhailíú Fiacha: (1) An Dlí Maidir le Sirriamaí *(LRC 27-1988)*
(Deireadh Fómhair 1988)

An Deichiú Tuarascáil *(Bhliantúil) (1988) (Pl 6542)*

Tuarascáil ar Bhailíú Fiacha: (2) Forchoimeád Teidil *(LRC 28-1988) (Aibreán 1989)*

Tuarascáil ar Aitheantas d’Fhóraithní Uchtaithe Eachtracha *(LRC 29-1989) (Meitheamh 1989)*

- Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (1) Moltaí Ginearálta** (LRC 30-1989) (Meitheamh 1989)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí** (Lúnasa 1989)
- Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (2) Cumhachtaí Aturnae Buanseasmhacha** (LRC 31-1989) (Deireadh Fómhair 1989)
- An tAonú Tuarascáil** (Bhlíantúil) Déag (1989) (Pl 7448)
- Tuarascáil ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí** (LRC 32-1990) (Meán Fómhair 1990)
- Tuarascáil ar Chionta Gnéis in Aghaidh Daoine le Míchumas Intinne** (LRC 33-1990) (Meán Fómhair 1990)
- Tuarascáil ar Mhionna agus Dearbhascaí** (LRC 34-1990) (Nollaig 1990)
- Tuarascáil ar Fháiltais ó Choiriúlacht a Choigistiú** (LRC 35-1991) (Eanáir 1991)
- Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Sibhialta Clúmhillte** (Márta 1991)
- Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Chomharbas ar Eastáit Dhaoine Marbha** (LRC 36-1991) (Bealtaine 1991)
- An Dara Tuarascáil** (Bhlíantúil) Déag (1990) (Pl 8292)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhíspeagadh Cúirte** (Iúil 1991)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Choir an Leabhail** (Lúnasa 1991)
- Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha** (LRC 37-1991) (Deireadh Fómhair 1991)
- Tuarascáil ar an Dlí Sibhialta Clúmhillte** (LRC 38-1991) (Nollaig 1991)
- Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (3) An Priacal ag Dul ón Díoltóir go dtí an Ceannaitheoir** (LRC 39-1991) (Nollaig 1991); **(4) Seirbheáil Fógraí Comhlíonta** (LRC 40-1991) (Nollaig 1991)
- An Tríú Tuarascáil** (Bhlíantúil) Déag (1991) (Pl 9214)
- Tuarascáil ar Choir an Leabhail** (LRC 41-1991) (Nollaig 1991)
- Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (Vienna) ar Chonarthaí Idirnáisiúnta Díol Earraí 1980** (LRC 42-1992) (Bealtaine 1992)
- Tuarascáil ar an Dlí maidir le Mímhacántacht** (LRC 43-1992) (Meán Fómhair 1992)
- Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (5) Tuilleadh Moltaí Ginearálta** (LRC 44-1992) (Deireadh Fómhair 1992)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoradh** (Márta 1993)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Áititheoirí** (Meitheamh 1993)
- An Ceathrú Tuarascáil** (Bhlíantúil) Déag (1992) (PN 0051)
- Tuarascáil ar Chionta Neam-mharfacha in Aghaidh an Duine** (LRC 45-1994) (Feabhra 1994)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Chúirteanna Teaghlaigh** (Márta 1994)
- Tuarascáil ar Dhliteanas Áititheoirí** (LRC 46-1994) (Aibreán 1994)
- Tuarascáil ar Dhíspeagadh Cúirte** (LRC 47-1994) (Meán Fómhair 1994)
- An Cúigiú Tuarascáil** (Bhlíantúil) Déag (1993) (PN 1122)
- Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ag Cur Deireadh le Riachtanas na Dlíthiúlachta do**

- Dhoiciméid Phoiblí Eachtracha (LRC 48-1995) (Feabhra 1995)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Mheisce mar Chosaint ar Chion Coiriúil (Feabhra 1995)**
- Tuarascáil ar Leasanna Díoltóra agus Ceannaitheora i dTalamh i rith na tréimhse idir Conradh agus Comhlíonadh (LRC 49-1995) (Aibreán 1995)**
- Scrúdú ar Dhlí Bannaí (LRC 50-1995) (Lúnasa 1995)**
- An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1994) (PN 1919)**
- Tuarascáil ar Mheisce (LRC 51-1995) (Samhain 1995)**
- An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1995) (PN 2960)**
- Tuarascáil ar Dhaoradh (LRC 53-1996) (Lúnasa 1996)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Príobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide (Meán Fómhair 1996)**
- Tuarascáil ar Dhíobhálacha Pearsanta: Íocaíochtaí Tréimhsiúla agus Socraithe Struchtúrtha (LRC 54-1996) (Nollaig 1996)**
- An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1996) (PN 3760)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorfheidhmiú Thuarascáil na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idir Thíortha, 1993 (Meán Fómhair 1997)**
- Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha, (6) Tuilleadh Moltaí Ginearálta lena n-áirítear forghníomhú gníomhas (LRC 56-1998) (Bealtaine 1998)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha (Bealtaine 1998)**
- An Naoú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1997) (PN 6218)**
- Tuarascáil ar Phríobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide (LRC 57-1998) (Meitheamh 1998)**
- Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú Choinbhinsiún na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idir Thíortha, 1993 (LRC 58-1998) (Meitheamh 1998)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta) Samhain 1998) (**
- An Fichiú Tuarascáil (Bhliantúil) (1998) (PN 7471)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an DLÍ (LRC CP14-1999) (Iúil 1999)**
- Páipéar Comhairliúcháin ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí (LRC CP15-1999) (Lúnasa 1999)**
- Tuarascáil ar Chamghlacadh (LRC 59-1999) (Deireadh Fómhair 1999)**
- An tAonú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fíche (1999) (PN 8643)**
- Tuarascáil ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha (LRC 60-2000) (Lúnasa 2000)**
- An Dara Clár chun brainsí áirithe den dlí a scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú: 2000-2007 (PN 9459) (Nollaig 2000)**

- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Thréimhsí Teorann i gcás Caingean ag éirí as Mí-úsáid Neamhghnéasach Leanáí** (LRC CP16-2000) (Meán Fómhair 2000)
- Tuarascáil ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí** (LRC 61-2000) (Nollaig 2000)
- Tuarascáil ar an Rial i gcoinne Suthaineachtaí agus Rialacha Gaolmhara** (LRC 62-2000) (Nollaig 2000)
- Tuarascáil ar Athrú Iontaobhas** (LRC 63-2000) (Nollaig 2000)
- Tuarascáil ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta)** (LRC 64-2001) (Márta 2001)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú** (LRC CP17-2001) (Márta 2001)
- Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú** (LRC SP 1-2001)
- An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** (2000) (PN 10629)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Phionóis do Mhionchionta** (LRC CP18-2002) (Márta 2002)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Thionscnaítear ar Dhíotáil** (LRC CP19-2002) (Bealtaine 2002)
- Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha: Abhbhreithniú ar Fhorbairtí** (LRC 65-2002) (Iúil 2002)
- An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche** (2001) (PN 11964)
- Tuarascáil ar Éasúintí agus Brabúis à Prendre a Fháil trí Rúradh** (LRC 66-2002) (Nollaig 2002)
- Tuarascáil ar Theideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh** (LRC 67-2002) (Nollaig 2002)
- Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí** (LRC 68-2002) (Nollaig 2002)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnais** (LRC CP20-2003) (Eanáir 2003)
- Tuarascáil ar Phionóis do Mhionchionta** (LRC 69-2003) (Feabhra 2003)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó** (LRC CP 21-2003) (Márta 2003)
- Tuarascáil ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (7) Cúnaint Dhearfa ar Thalamh Ruilse agus Moltaí Eile** (LRC 70-2003) (Márta 2003)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Fiosrúcháin Poiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin** (LRC CP 22 – 2003) (Márta 2003)
- Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta** (LRC CP 23 – 2003) (Meitheamh 2003)
- Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach** (LRC CP 24 – 2003) (Iúil 2003)
- Páipéar Comhairliúcháin maidir le Dlithíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)** (LRC CP 25 – 2003) (Iúil 2003)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach** (LRC CP 26 – 2003) (Deireadh Fómhair 2003)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Briogadh a Phléadáil** (LRC CP 27 – 2003) (Deireadh Fómhair 2003)

- Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin: An Dlí agus Daoine Scothaosta** (LRC SP 2-2003) (Samhain 2003)
- An Ceathrú Tuarscáil (Bliantúil) is Fiche** (2002)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Ginearálta Thiarna Talún agus Tionónta** (LRC CP 28 – 2003) (Nollaig 2003)
- Tuarscáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach** (LRC 71-2004) (Feabhra 2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA** (LRC CP 29-2004) (2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais** (LRC CP 30-2004) (Márta 2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte** (LRC CP 31-2004) (Márta 2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais** (LRC CP 32-2004) (Aibreán 2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche** (LRC CP 33-2004) (Meitheamh 2004)
- An Cúigiú Tuarscáil (Bhliantúil) is Fiche** (2003) (Iúil 2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha** (LRC CP 34-2004) (Deireadh Fómhair 2004)
- Tuarscáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach** (LRC 72 – 2004) (Nollaig 2004)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Iontaobhas – Moltaí Ginearálta** (LRC CP 35-2005) (Feabhra 2005)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Iontaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta** (LRC CP 36-2005) (Feabhra 2005)
- An Séú Tuarscáil (Bhliantúil) is Fiche** (2004) (Márta 2005)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht** (LRC CP 37-2005) (Bealtaine 2005)
- Tuarscáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin** (LRC 73-2005) (Bealtaine 2005)
- Tríocha Bliain d’Athchóiriú Dlí 1975-2005 (Léacht ag an mBreitheamh Uasal Ronan Keane chun Cothrom 30 bliain bhunú an Choimisiúin a chomóradh)** (Meitheamh 2005)
- Tuarscáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha** (LRC 74-2005) (Iúil 2005)
- Tuarscáil ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí** (LRC 75-2005) (Meán Fómhair 2005)
- Tuarscáil ar Dhlíthíocht Ilpháirtí** (LRC 76-2005) (Meán Fómhair 2005)
- Tuarscáil ar Mharú Corparáideach** (LRC 77-2005) (Deireadh Fómhair 2005)
- Tuarscáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA** (LRC 78-2005) (Samhain 2005)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais** (LRC CP 38-2005) (Nollaig 2005)
- Tuarscáil ar Ríomh-Thíolacadh: Samhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann** (LRC 79-2006) (Aibreán 2006)
- Páipéar Comhairliúcháin ar Éigeantas agus Riachtanas** (LRC CP 39-2006) (Aibreán 2006)

Tuarascáil ar Iontaobhais Charthanais agus Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais (LRC 80-2006) (Deireadh Fómhair 2006)

Páipéar Comhairliúcháin ar Ionpháirteacht i gConradh: Cearta Tríú Páirtí (LRC CP 40-2006) (Samhain 2006)

An Seachtú Tuarascáil (Bliantúil) Is Fiche (2005) (Samhain 2006)

Tuarascáil ar Achomhairc Ionchúisimh agus Éisteachtaí Réamhthrialacha (LRC 81-2006) (Samhain 2006)

Páipéar Comhairliúcháin ar Chosaint Dhlísteanaigh (LRC CP 41-2006) (Samhain 2006)

Tuarascáil ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais (LRC 82-2006) (Nollaig 2006)

Tuarascáil ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí (LRC 83-2006) (Nollaig 2006)

Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorbairtí Ilaonad (LRC CP 42-2006) (Nollaig 2006)

Páipéar Comhairliúcháin ar Ghnéithe de Dhlí Uchtála Idir Thíortha (LRC CP 43-2007) (Márta 2007)

An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche (2006) (Aibreán 2008)

Páipéar Seimineáir ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí (LRC SP 3-2007)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhunorgain Ainneonach (LRC CP 44-2007) (Aibreán 2007)

Páipéar Comhairliúcháin ar Athráiteas ar an Dlí Reachtuil (LRC CP 42-2006) (Nollaig 2006)

Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Comhdhlúthú Achtanna na gCúirteanna (LRC CP 46-2007) (Iúil 2007)

Tuarascáil ar Chiontuithé Spíonta (LRC 84-2007) (Iúil 2007)


Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlíteanas Sibhialta ‘Samárach Maith agus Saorálach (LRC CP 47-2007) (Samhain 2007)

Tuarascáil ar Dhlí Um thiarnaí talún agus tionóntaí (LRC LRC 85-2007) (Samhain 2007)

Tuarascáil ar an Tríú Clár Athchóirithe Dlí 2008-2014 (LRC 86-2007)

AGUISÍN E

CAIRT EAGRAÍOCHTA



COPYRIGHT
LAW REFORM COMMISSION

FIRST PUBLISHED (ONLINE)
NOVEMBER 2008

ISSN 0332-0332-0499

PRN A8/0231

www.lawreform.ie

ADDRESS
35-39 Shelbourne Road Dublin 4 Ireland

TELEPHONE
+353 1 6377600

FAX
+353 1 6377601

EMAIL
info@lawreform.ie

WEBSITE
www.lawreform.ie

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí arna bhunú ag an Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

